An Coimisiún Eorpach

# STAID AN AONTAIS

# 2020

*le hUrsula von der Leyen,*
*Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh*

**An Bhruiséil | 16 Meán Fómhair**

#SOTEU

**ec.europa.eu/soteu2020**

GA

Gach bliain i mí Mheán Fómhair, tugann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Aitheasc ar Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa. Déantar trácht san aitheasc sin ar ar baineadh amach in imeacht na bliana a chuaigh thart agus leagtar amach ann tosaíochtaí na bliana dár gcionn. Ina cheann sin, leagann sé amach an dóigh a rachaidh an Coimisiún Eorpach i ngleic leis na dúshláin is práinní atá roimh an Aontas Eorpach. I ndiaidh na hóráide, bíonn díospóireacht iomlánach ann. Is leis an óráid ar Staid an Aontais a chuirtear tús leis an bplé idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, plé arb é is aidhm dó plean oibre an Choimisiúin don chéad bhliain eile a shocrú.

De bhun Chonradh Liospóin, tá an tAitheasc ar Staid an Aontais leagtha síos i gCreat-Chomhaontú 2010 maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Leagtar síos freisin sa Chreat-Chomhaontú sin nach mór don Uachtarán litir intinne a sheoladh chuig Uachtarán na Parlaiminte agus chuig an té ag a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle, litir ina mbeidh mionchuntas ar na bearta atá faoin gCoimisiún Eorpach a dhéanamh trí bhíthin na reachtaíochta agus ar na tionscnaimh eile atá ar na bacáin ag an gCoimisiún go dtí deireadh na bliana dár gcionn.

An 16 Meán Fómhair 2020, thug Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Aitheasc ar Staid an Aontais uaithi den chéad uair.

Tá an t-ábhar ar fad le fáil ar http://ec.europa.eu/soteu2020.

# CLÁR

**Aitheasc ar Staid An Aontais 2020** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .4

**Litir Intinne chuig an Uachtarán David Maria Sassoli agus chuig an Seansailéir Angela Merkel.** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .23

**Coimisiún von der Leyen: Bliain tar éis a cheaptha** . . . . . . . . . . . . . . . .29

An méid atá curtha i gcrích . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .30

1. An chéad 100 lá. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .32

2. Géarchéim an choróinvíris, agus freagairt na hEorpa di - dhá ní gan samhail . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .37

3. Eoraip níos fearr tar éis na paindéime . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 42

Amlíne . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .45

STAID AN AONTAIS 2020

# Aitheasc ar Staid An Aontais 2020

# AN DOMHAN A MHÚNLÚ AR ÁR MIAN FÉIN: AONTAS BEO BRÍOMHAR I SAOL SEO NA LEOCHAILEACHTA

A Uachtaráin, a chara,

A Chomhaltaí Onóracha,

Is beag duine ba mhó misneach lenár linn féin ná Andrei Sakharov, fear a bhfuil ardmheas air sa Teach seo, agus fear a dúirt arís agus arís eile gur **chreid sé go daingean sa neart mór atá folaithe i gcroí agus in aigne an duine**.

**Le sé mhí anuas, léirigh muintir na hEorpa a bhuaine atá croí agus aigne an duine i bhfírinne**.

Is é ba léir i measc lucht cúraim sláinte a d'fhan sna tithe altranais de ló agus d'oíche ag freastal ar na hothair agus ar na seandaoine.

Is é ba léir i measc dochtúirí agus altraí a shín a lámh féin mar a dhéanfadh athair nó máthair chuig daoine a bhí ar tí báis.

Is é ba léir i gcroí an chatha ar na hoibrithe a sheas lena gcúram ó dhubh go dubh, ó sheachtain go seachtain, daoine a chuir iad féin i mbaol ionas gur shlán dúinne.

Is díol inspioráide dúinn an dáimh agus an misneach a bhí ina gcroí, agus a dhílse a bhí siad dá ndualgas, agus is dóibhsean is mian liom ómós a thabhairt i dtús na hóráide seo.

Scéal na n-oibrithe sin is maith an teist é ar chúrsaí an tsaoil i láthair na huaire agus ar staid an Aontais.

An scéal céanna is maith an léargas é ar uaisleacht na daonnachta agus ar an uaigneas mór a mhairfidh inár measc go ceann i bhfad.

An scéal céanna **cuireann sé ar ár súile dúinn gur lag leochaileach don duine inár ngaobhar agus inár dtimpeall.**

Víreas a mbeadh áit dó míle uair ar ghráinnín beag de ghaineamh na trá, chuir sé siar agus aniar orainn nach bhfuil sa bheatha féin ach rud lag leochaileach.

Chuir sé ár gcórais sláinte thar acmhainn orainn, agus léirigh sé go bhfuil teorainn leis an tsamhail úd a thugann tús áite don rachmas thar an bhfolláine saoil.

Chuir sé fócas an-mhór ar a leochailí agus ar a shomhillte atá an pláinéad, fócas ar na hoighearshruthanna atá ag leá, fócas ar na coillte atá á loscadh, fócas ar na paindéimí domhanda.

Thug an ghéarchéim athrú nósmhaireachta agus athrú cumarsáide i gceist – is fad láimhe ó chéile a bhímid anois agus an masc aghaidhe orainn.

Léirigh an ghéarchéim dúinn **a laige i bhfírinne atá comhsheilbh na luachanna eadrainn**, agus a thapa a thagann meath cinnteachta ar an gcomhsheilbh luachanna sin ar fud an domhain agus anseo san Aontas Eorpach féin.

**"Is í uair agus uain na hEorpa atá ann más ea. Uair agus uain seo na hEorpa leis an mbealach a thaispeáint amach as an saol lag leochaileach atá ann i dtreo saol eile a mbeidh beocht agus beatha ann.**





Ach is é mian na ndaoine saol seo an choróinvíris a fhágáil ina ndiaidh, an laige agus an leochaileacht a chur díobh, an meath cinnteachta a chur i leataobh. Tá na daoine santach chun athraithe agus iad faoi réir chun bóthair arís.

Is í uair agus uain na hEorpa atá ann más ea.

Uair agus uain seo na hEorpa **leis an mbealach a thaispeáint amach as an saol lag leochaileach atá ann i dtreo saol eile a mbeidh beocht agus beatha ann.** Sin é is ábhar don chaint is mian liom a thabhairt inniu.

A Chomhaltaí Onóracha,

Deirim sin libh arae le ráithe agus le leathbhliain anuas fuaireamar tuiscint arís ar **luach na rudaí atá inár seilbh againn go coiteann**.

Duine ar dhuine as ár stuaim féin, chuireamar beagán dár gcuid saoirse pearsanta féin **ar íobairt** ar mhaithe le sábháilteacht daoine eile.

Inár gcuid den Aontas dúinn, ghéilleamar beagán dár gcuid flaithiúnais ar mhaithe leis an leas coiteann.

Bhí eagla ar dhaoine roimh a chéile sna Ballstáit, agus bhí scoilteanna ann, ach ina áit sin ar fad chuireamar muinín san Aontas i réim.

> **“Seo í NextGenerationEU. Seo deis dúinn le hathrú a chur ar an saol d’aon ghnó , ní de dheasca na tubaiste, ní de dheachtú ó dhaoine eile in áit eile ar domhan.**

Thugamar léargas ar an méid is féidir a dhéanamh ach **muinín** a chur ina chéile, ach **muinín** a chur sna hinstitiúidí Eorpacha atá againn.

Nuair is amhlaidh a bhí, ní hamháin gur chuireamar romhainn biseach agus téarnamh a dhéanamh i láthair na huaire, ach feabhas saoil a chur ar an gceap i gcomhair na todhchaí.

**Seo í NextGenerationEU.**

Seo deis dúinn le h**athrú a chur ar an saol d’aon ghnó,ní de dheasca na tubaiste, ní de dheachtú ó dhaoine eile in áit eile ar domhan.**

Tiocfaimid i dtreis i ndiaidh na géarchéime ach **deiseanna a chruthú** i gcomhair na todhchaí **ní hionann agus pleanáil a dhéanamh i gcoinne fadhbanna** a bhí ann fadó.

Níl aon ní de dhíth orainn i gcomhair na hoibre sin. Is fada a bhí srian orainn ag sean-leithscéalta agus ag seanchinnteacht an tseansaoil, ach chaitheamar iad sin i dtraipisí. Is linn an **fhís**, is linn an **plean**, is linn an **infheistíocht**.

Is mithid **feasta cromadh ar an obair**.

**Maidin inniu, chuir mé Litir Intinne** chuig an Uachtarán Sassoli agus an Seansailéir Merkel – thar ceann Uachtaránacht na Gearmáine – litir a bhfuil an chéad insint inti ar na pleananna atá ag an gCoimisiún go ceann bliana.

Níl sé i gceist agam gach uile thionscnamh a chur faoi bhur mbráid inniu, ach is mian liom beagán suntais a thabhairt don mhéid a gcaithfidh an tAontas fócas a dhéanamh air go ceann dhá mhí dhéag.

## SLÁN CÁCH AR SCÁTH A CHÉILE: GEALLTANAS NA hEORPA A CHOMHLÍONADH

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá muintir na hEorpa ag fulaingt fós.

Is i lúba na himní atá na milliúin le linn na tréimhse seo ós mór is cás leo sláinte a muintire agus a gclainne, gach atá i ndán dóibh i saol na hoibre, sin agus coigilt an airgid ó mhí go chéile.

Níl a racht ligthe ag an bpaindéim seo fós, agus níl deireadh ach chomh beag leis an éiginnteacht is sliocht uirthi. Maidir leis an téarnamh, sin rud nach bhfuil ach i dtús a ré.

Cách a bheith slán ar scáth a chéile - sin é is tosaíocht dúinn. Teacht i gcabhair ar an té atá thíos.

Sin rud is féidir leis an Eoraip a dhéanamh, a bhuí le geilleagar sóisialta an mhargaidh, geilleagar nach bhfuil a leithéid eile ann.

Thar aon ní, is é **geilleagar an duine** é, geilleagar **is cosaint dúinn** ar an gcontúirt mhór atá ag roinnt leis an saol - an drochshláinte, an mí-ádh, an dífhostaíocht, an bhochtaineacht. Is fearr **an chobhsaíocht a chuireann sé ar fáil dúinn**, agus is fusa éirí tar éis buille ós ann dó. Tá **cruthú deiseanna ann agus méadú an rathúnais** mar cuireann sé an nuálaíocht, an fás agus an cothrom iomaíochta chun cinn.

Níor tharla riamh go raibh **gealltanas buan na cosanta, na cobhsaíochta agus na ndeiseanna sin** ní ba thábhachtaí ná atá sé inniu.

Inseoidh mé daoibh cén fáth sin.

**Ar an gcéad dul síos, caithfidh an Eoraip beatha na ndaoine agus slí bheatha na ndaoine a chosaint go fóill arís faoi mar atá déanta aici.**

Tá tábhacht thar na bearta leis an méid sin agus sinn in umar na paindéime agus gan aon chosúlacht ar an scéal go bhfuil sí ag dul i léig.

Is maith is eol dúinn a thapa a théann na cásanna i líon agus in iolra. Dá bhrí sin, go ceann tamall eile, ní féidir dúinn gan **an phaindéim seo a láimhseáil go cúramach cáiréiseach freagrach aontaithe**.

Le leathbhliain anuas, is míorúilt atá sa mhéid oibre a rinne na hoibrithe agus na córais sláinte.

Tá a cion féin déanta ag gach tír ar son a cuid saoránach.

Agus is mó a rinne an Eoraip i bhfochair a chéile ná a rinne riamh cheana sa saol.

Nuair a dhún na Ballstáit a dteorainneacha, chruthaíomar lánaí glasa le haghaidh earraí.



Nuair a bhí 600,000 saoránach den Aontas fágtha ar an trá fholamh ar fud an domhain, thug an tAontas abhaile iad.

> **Is ríléir domsa é – ní mór dúinn Aontas Sláinte Eorpach níos láidre a thógáil.**

Nuair a chuir tíortha áirithe cosc ar earraí leighis fíor-riachtanacha a easpórtáil, chuireamar stop leis sin agus chinntíomar go seolfaí an soláthar leighis fíor-riachtanach chuig na háiteanna a raibh gá leis.

D'oibríomar i gcomhar le hearnáil tionsclaíochta na hEorpa chun cur leis an líon masc, lámhainní, tástálacha agus aerálaithe.

A bhuí leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, cinntíodh go raibh dochtúirí ón Rómáin in ann cóir leighis a chur ar othair san Iodáil agus go raibh an Laitvia in ann maisc a sheoladh chuig a comharsana Baltacha.

> **Léireoidh sin do mhuintir na hEorpa go seasann an tAontas seo againn an fód do chách.**

D'éirigh linn sin a bhaint amach gan na hinniúlachtaí uile a bheith againn.

**Is ríléir domsa é – ní mór dúinn Aontas Sláinte Eorpach níos láidre a thógáil.**

Agus más linn sin a bhaint amach, ní mór dúinn foghlaim ó chéad cheachtanna na géarchéime sláinte.

Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh an Clár nua #EU4Health seasmhach i leith na todhchaí. Sin an chúis ar mhol mé an cistiú a mhéadú agus tá mé buíoch den Pharlaimint seo as bheith réidh chun troid ar son tuilleadh cistithe agus chun na ciorruithe a rinne an Chomhairle Eorpach a réiteach.

Ní mór dúinn **feabhas a chur ar an ullmhacht agus ar an mbainistiú** i leith géarchéimeanna a bhaineann le bagairtí trasteorann ar an tsláinte.

Ar an gcéad dul síos, molfaimid go ndaingneofar agus go gcumhachtófar an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus ECDC – an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

Ar an dara dul síos, **tógfaimid BARDA Eorpach** – gníomhaireacht le haghaidh ardtaighde agus Forbairt Bhithleighis. A bhuí leis an ngníomhaireacht nua seo cuirfear lenár n-acmhainn agus lenár n-ullmhacht chun freagairt do bhagairtí agus do ghéarchéimeanna trasteorann – idir bhagairtí nádúrtha agus bhagairtí a cruthaíodh d›aon ghnó. Teastaíonn stoc-charn straitéiseach uainn chun aghaidh a thabhairt ar a mhéad atáimid i dtuilleamaí an tslabhra soláthair, go háirithe i gcás táirgí cógaisíochta.

Ar an tríú dul síos, is soiléire ná riamh nach mór dúinn ceist na n-inniúlachtaí sláinte a phlé. Agus sílim gur cúram uasal práinneach é sin atá ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

Agus toisc gur géarchéim dhomhanda í ní mór dúinn ceachtanna domhanda a fhoghlaim. Sin an chúis a dtionólfaidh mé, i gcomhar le Príomh-Aire Conte agus Uachtaránacht G20 na hIodáile, Cruinniú Mullaigh Domhanda ar an tSláinte an bhliain seo chugainn san Iodáil.

Léireoidh sin do mhuintir na hEorpa **go seasann an tAontas seo againn an fód do chách.**

Agus tá bearta déanta de réir ár mbriathair againn maidir leis na hoibrithe.

Nuair a tháinig mé i mbun oifige, gheall mé go mbunóinn ionstraim chun oibrithe agus gnólachtaí a chosaint ar an suaitheadh seachtrach.

Bhí mé i m'Aire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta agus tuigim ón taithí sin go n-oibríonn na scéimeanna sin. Is i ngeall ar na scéimeanna sin a choinnítear daoine i bpoist, scileanna i ngnólachtaí agus FBManna i mbun gnó. Is iad na FBManna sin mótar an gheilleagair agus is iad inneall an téarnaimh iad chomh maith.

Sin an chúis ar bhunaigh an Coimisiún an clár SURE. Agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Teach seo as gach dícheall a dhéanamh leis.

Más rud é gur éirigh leis an Eoraip, go dtí seo, an dífhostaíocht fhorleathan atá le sonrú in áiteanna eile a chur ó dhoras, is amhlaidh sin a bhuí leis an 40 milliún duine a chuir iarratais isteach ar scéimeanna oibre gearr-ama.

A bhuí lena thapa a rinneadh é lena mhéad de chur le chéile a bhí ann, beidh 16 thír in ann beagnach 90 billiún euro a fháil ó SURE go luath chun tacú leis na hoibrithe agus leis na gnólachtaí.

Ón Liotuáin go dtí an Spáinn, tabharfar suaimhneas intinne do theaghlaigh a mbeidh an t-ioncam sin de dhíth orthu chun bia a cheannach nó cíos a íoc.

Agus déanfar na milliúin post, ioncam agus gnólachtaí ar fud an Aontais seo againn a chosaint dá thairbhe.

**Sin agat an dlúthpháirtíocht Eorpach go smior.** Agus léiríonn sé **nach mór urraim a léiriú i gcónaí do dhínit na hoibre san Aontas seo againne**.

Ach is é lom na fírinne, i gcás an dúrud daoine, nach bhfuil saothrú le fáil acu san obair a thuilleadh.

De dheasca na dumpála pá scriostar dínit na hoibre, is measaide an fiontraí a íocann pá cóir agus déantar iomaíocht chóir an Mhargaidh Aonair a shaobhadh.

Sin an chúis a gcuirfidh an Coimisiún togra dlí chun cinn chun tacú leis na Ballstáit **creat maidir le pá íosta a chur ar bun**. Ní mór do gach duine a bheith in ann pá íosta a shaothrú, bíodh sin trí chomhaontuithe comhchoiteanna nó trí phá íosta reachtúil.

Tá mé go mór ar son na cómhargála agus a bhuí leis an togra seo déanfar inniúlachtaí náisiúnta traidisiúin náisiúnta a urramú go hiomlán.

Tá sé feicthe againn i mBallstáit go leor go mbíonn poist níos cinnte agus cúrsaí níos córa – don oibrí agus don ghnólacht ar mór aige a lucht saothair – nuair is ann d'íosphá a socraíodh trí chaibidlíocht mar is ceart.

**Tá feidhm leis an íosphá – agus tá sé thar am go bhfaigheadh gach duine luach saothair cóir.**

**“Nuair a léirigh an Eoraip go raibh sí aontaithe agus inchurtha leis an obair, sholáthair sí an chobhsaíocht a bhí de dhíth ar ár gcuid geilleagar.**



**Is í an chobhsaíocht an dara gealltanas a ghabhann leis an ngeilleagar sóisialta margaidh.**

Ghníomhaigh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh chun dul i ngleic le géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh.



Nuair a léirigh an **Eoraip go raibh sí aontaithe agus inchurtha leis an obair, sholáthair sí an chobhsaíocht a bhí de dhíth ar ár gcuid geilleagar**.

Rinne an Coimisiún **an clásal éalaithe ginearálta a chur i bhfeidhm den chéad uair riamh**.

Scaoileamar na laincisí ar ár gcuid cistí Eorpacha agus ar na rialacha maidir le státchabhair.

Cheadaíomar breis agus **3 thrilliún euro** tacaíochta le haghaidh gnólachtaí agus lucht tionscail: ó iascairí sa Chróit go feirmeoirí sa Ghréig, ó ghnólachtaí beaga san Iodáil go saorchonraitheoirí sa Danmhairg.

Rinne Banc Ceannais na hEorpa beart diongbháilte leis an gClár Ceannaithe d'Éigeandáil na Paindéime.

Mhol an Coimisiún Eorpach NextGenerationEU mar aon le buiséad nuachóirithe ar an dá luas.

Buiséad é a chuimsíonn an infheistíocht agus athchóirithe a bhfuil géarghá leo.

D'fhormheas an Chomhairle ar an dá luas é.

Tá an Teach seo ag obair i dtreo vóta a chaitheamh air chomh tapa agus is féidir leis.

Den chéad uair – ar na saolta neamhghnácha seo – tá a cuid rialacha coiteanna féin curtha i bhfeidhm ag an Eoraip, mar chomhlánú ar bhearta cobhsaíochta fioscaí na mBallstát.

**Tá aontacht shuaithinseach san Aontas i láthair na huaire. Is éacht é sin ar chóir dúinn uile, le chéile, a bheith bródúil as.**

Anois an uair chun an cúrsa a choinneáil. Tá na réamhaisnéisí feicthe againn ar fad. Is féidir linn a bheith ag súil leis go dtosóidh ár gcuid geilleagar ag feidhmiú arís tar éis titim 12% ar an olltáirgeacht intíre sa dara ráithe.

Ach tá an víreas fós linn, agus an éiginnteacht a ghabhann leis – anseo san Eoraip agus ar fud an domhain.

Dá bhrí sin, is cinnte **nach é** seo an uair le deireadh a chur leis an tacaíocht a thugaimid.

Is gá leanúint den tacaíocht bheartais dár gcuid geilleagar agus beidh orainn teacht ar chothromaíocht íogair idir tacaíocht airgeadais a sholáthar agus an inbhuanaitheacht fhioscach a chinntiú.

San fhadtéarma, is é neartú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais an bealach is fearr le cobhsaíocht agus iomaíochas a chinntiú.

**Is láidre ná riamh an mhuinín san euro.**

Léiríonn an comhaontú stairiúil ar NextGenerationEU an saghas tacaíochta polaitiúla atá aige.

Anois caithfimid an deis seo a thapú chun athchóirithe struchtúracha a dhéanamh ar ár gcuid geilleagar agus chun Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích.

> **“Ní mór dúinn na bacainní ar an Margadh Aonair a réabadh as a chéile. Ní mór dúinn deireadh a chur leis an rómhaorlathas. Ní mór dúinn an cur chun feidhme agus an forfheidhmiú a mhéadú. Agus ní mór dúinn na ceithre shaoirse a chur i réim arís – ina n-iomláine agus a luaithe is féidir.**

Is gá margaí caipitil atá domhain agus leachtach le go mbeidh fáil ag lucht gnó ar an maoiniú a theastaíonn uathu chun fás agus chun infheistiú sa téarnamh agus sa todhchaí.

Lena chois sin, tá siad riachtanach chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú a thuilleadh. Cromaimis ar an obair más ea, agus cuirimis i gcrích, faoi dheireadh, tionscadal seo ár nglúine féin.

**A Chomhaltaí Onóracha, is é gealltanas na ndeiseanna an tríú gealltanas buanseasmhach.**

Mheabhraigh an phaindéim dúinn gurbh iomaí rud a bhí ligthe i ndearmad againn nó a raibh neamhiontas déanta againn de.



Meabhraíodh dúinn a nasctha atá ár gcuid geilleagar agus a riachtanaí atá Margadh Aonair lánfheidhmiúil le haghaidh ár rathúnais agus i dtaca leis an gcaoi a ndéanaimid rudaí.

Is le deiseanna a bhaineann an Margadh Aonair – an deis ag tomhaltóirí luach a fháil ar a gcuid airgid, an deis ag gnólacht a bheith ag díol in áit ar bith san Eoraip agus an deis ag earnáil na tionsclaíochta a hiomaíochas a mhéadú ar an leibhéal domhanda.

Agus i gcás gach uile dhuine againn, baineann sé leis an deis leas a bhaint as na saoirsí atá againn mar Eorpaigh, saoirsí ar mór againn iad. Fágann sé go bhfuil ag ár gcuid gnólachtaí an scála is gá le go mbeidh siad rathúil, agus tá sé ina thearmann dóibh in am na corraíola. Bímid ag brath air gach lá chun ár saol a dhéanamh níos fusa – agus tá sé ríthábhachtach leis an ngéarchéim a bhainistiú agus ár neart a fháil ar ais.

Cuirimis borradh faoi.

Ní mór dúinn na bacainní ar an Margadh Aonair a réabadh as a chéile. Ní mór dúinn deireadh a chur leis an rómhaorlathas. Ní mór dúinn an cur chun feidhme agus an forfheidhmiú a mhéadú. **Agus ní mór dúinn na ceithre shaoirse a chur i réim arís – ina n-iomláine agus a luaithe is féidir.**

Is é an chloch choirnéil lena aghaidh sin ar fad Limistéar Schengen na saorghluaiseachta a bheith lánfheidhmiúil. Oibreoimid leis an bParlaimint agus leis na Ballstáit chun é sin a chur ag barr ár gcláir oibre pholaitiúil agus molfaimid **straitéis nua le haghaidh thodhchaí limistéar Schengen.**

Ar bhonn an mhargaidh inmheánaigh láidir sin, tá earnáil tionsclaíochta na hEorpa ag tiomáint ár ngeilleagair le fada, ag cur slí bheatha sheasmhach ar fáil do na milliúin daoine agus ag cruthú na mol sóisialta a dtógtar ár bpobail ina dtimpeall.

Chuireamar ár straitéis tionsclaíochta nua i láthair i mí an Mhárta chun a chinntiú go mbeadh earnáil na tionsclaíochta in ann a bheith ar cheann an dá aistriú ghaolmhara – an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Tá dlús curtha leis an trasfhoirmiú sin le sé mhí anuas – tráth atá athrú ó bhun ag teacht ar thírdhreach an iomaíochais ar an leibhéal domhanda. Is mar gheall air sin a dhéanfaimid ár straitéis tionsclaíochta a thabhairt cothrom le dáta sa chéad leath den bhliain seo chugainn agus an creat iomaíochta a chur in oiriúint, bord ar bhord leis sin.

## AN EORAIP A THIOMÁINT CHUN CINN: AN DOMHAN A MHÚNLÚ AR ÁR MIAN FÉIN

A Chomhaltaí Onóracha,

Cinnteoidh sé sin ar fad go dtiocfaidh an Eoraip chuici féin arís. Ach de réir mar a thagaimid tríd le chéile, caithfimid sinn féin a thiomáint chun cinn go dtí saol úr an lae amárach.

> **“Is eol dúinn gur gá athrú – agus is eol dúinn freisin gur féidir linn é a dhéanamh. Is sa Chomhaontú Glas don Eoraip a leagtar amach an bealach a dhéanfaimid an t-aistriú sin.**

**Níl aon ábhar is mó a éilíonn géarú ar luas na hoibre ná todhchaí an phláinéid leochailigh seo.**

Cé go raibh cuid mhaith de ghníomhaíochtaí an tsaoil ina stad le linn na dianghlasála agus dhúnadh an gheilleagair, lean an pláinéad air ag téamh go contúirteach.


Is ríléir dúinn é: tithe á dtréigean de dheasca mhaidhm an oighearshrutha ar Mont Blanc, dóiteáin ar fud Oregon, barra á scriosadh sa Rómáin de dheasca an triomaigh is measa leis na scórtha bliain, agus eachtraí nach iad.

Ach ba léir dúinn freisin filleadh an nádúir ar ár saol.

Shantaíomar an dúlra agus an t-aer glan ar mhaithe lenár meabhairshláinte agus ár bhfolláine.

Is eol dúinn gur gá athrú – agus is eol dúinn freisin gur féidir linn é a dhéanamh.

**Is sa Chomhaontú Glas don Eoraip a leagtar amach an bealach a dhéanfaimid an t-aistriú sin.**



An misean go ndéanfar den Eoraip an chéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, sin é atá i gcroílár an chomhaontaithe chéanna.

Ach ní fhéadfar sin a dhéanamh mura n-imeoimid ón status quo – caithfimid dlús a chur lenár niarrachtaí, agus iad a dhéanamh ar bhealach níos fearr.

Rinneamar dianscrúdú ar gach earnáil ionas go bhfeicfimis cé chomh tapa ab fhéidir linn dul chun cinn, agus conas ab fhéidir dul chun cinn ar bhealach a bheadh freagrach agus bunaithe ar fhianaise.

Reáchtálamar comhairliúchán poiblí forleathan agus rinneamar measúnú tionchair fairsing.

Ar an mbonn sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach sprioc 2030 maidir le laghdú astaíochtaí a ardú go dtí 55% ar a laghad.

Tuigim go bhfuil an t-ardú sin ó 40 go dtí 55, tuigim go bhfuil sé iomarcach dar le daoine áirithe, agus nach leor é dar le daoine eile.

Léirítear go soiléir sa mheasúnú tionchair a rinneamar, áfach, go bhfuil an geilleagar agus an earnáil tionsclaíochta in ann ag an sprioc nua.

Ní hamháin sin, ach tá siad ag iarraidh tabhairt fúithi. An lá inné féin, 170 ceannaire gnó agus infheisteoir – idir lucht na FBManna agus daoine a bhaineann le roinnt de na comhlachtaí is mó ar domhan - chuir siad teachtaireacht chugam inar iarr siad go leagfadh an Eoraip síos sprioc 55% ar a laghad.

Léirítear go soiléir sa mheasúnú tionchair a rinneamar gur cosúil go n-éireoidh leis an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus na hoibleagáidí atá orainn faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, ach an sprioc sin a shásamh.

Má dhéanann tíortha eile beart de réir an tsampla seo againne, beifear in ann an téamh a choinneáil faoi bhun 1.5 céim Celsius ar fud an domhain.



Is maith a thuigim gur mór idir an sprioc seo againne agus an sprioc atá ag cuid mhaith dár gcomhpháirtithe – agus fillfidh mé ar ball ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha.

Maidir linne áfach, **sprioc uaillmhianach is ea sprioc 2030, sprioc is féidir a bhaint amach agus a rachaidh chun tairbhe don Eoraip**.

Is féidir linn an beart a dhéanamh. Chruthaíomar cheana gur féidir.

Tháinig laghdú 25% ar na hastaíochtaí ó 1990 i leith, agus is amhlaidh a tháinig méadú níos mó ná 60% ar an ngeilleagar.

An difear is mó atá ann gur mó an teicneolaíocht, an saineolas agus an infheistíocht atá againn anois ná mar a bhí. Agus tá dul chun cinn á dhéanamh againn cheana i dtreo geilleagar ciorclach ina mbeifear ag táirgeadh ar bhealach atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá tuilleadh daoine óga againn atá ag cur ar son athrú saoil. Tá tuilleadh fianaise againn gurb é leas na haeráide a dhéanfaidh leas an ghnó agus leas an phobail i gcoitinne.

Agus tá gealltanas dílis tugtha againn nach bhfágfaimid aon duine chun deiridh agus an t-aistriú seo á dhéanamh. Leis an gCiste um Aistriú Cóir, tacóimid leis na réigiúin a bhfuil athrú níos mó agus níos costasaí le déanamh acu.

Tá gach áis againn. Tá freagracht orainn feasta iad a chur chun feidhme agus beart a dhéanamh de réir ár mbriathair.

> **“ Faoin samhradh seo chugainn, déanfaimid athbhreithniú ar an reachtaíocht aeráide agus fuinnimh ar fad atá againn chun go mbeifear in ann sprioc sin an 55% a bhaint amach.**

A Chomhaltaí Onóracha,

Ach an sprioc nua sin a shásamh, laghdófar ár spleáchas ar an iompórtáil fuinnimh, cruthófar na milliúin post, agus fágfar nach mbeidh leath an oiread truaillithe aeir ann agus atá faoi láthair.

Má táimid leis sin a dhéanamh, caithfimid dul i mbun oibre anois.

Faoin samhradh seo chugainn, déanfaimid athbhreithniú ar an reachtaíocht aeráide agus fuinnimh ar fad atá againn chun go mbeifear in ann sprioc sin an 55% a bhaint amach.

San athbhreithniú sin, feabhsóimid an trádáil astaíochtaí, cuirfimid an fuinneamh in-athnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn, agus déanfaimid athchóiriú ar an gcánachas fuinnimh.

Ní hé laghdú na n-astaíochtaí amháin atá i gceist leis an gComhaontú Glas don Eoraip, áfach - tá go leor gnéithe eile i gceist freisin.

Leis an gcomhaontú céanna, táimid ag cur romhainn nuachóiriú córasach a dhéanamh ar fud an gheilleagair, na sochaí, agus na hearnála tionsclaíochta. **Is éard atáimid ag cur romhainn an domhan a dhéanamh níos láidre.**

An tomhailt mhór a dhéanaimid faoi láthair ar amhábhair, ar fhuinneamh, ar uisce agus ar bhia, níl sí sin inbhuanaithe, ach oiread leis an úsáid a bhainimid as an talamh.

Tá athrú béasa ag teastáil maidir leis an mbealach a chaithimid leis an dúlra, leis an táirgeadh agus an tomhailt, leis an itheachán agus an obair, leis an teas agus an taisteal, agus le cúrsaí iompair.

Dá bhrí sin rachaimid i ngleic leis an iliomad réimsí, cuir i gcás ceimiceáin ghuaiseacha, an dífhoraoisiú agus an truailliú.

Plean le haghaidh téarnamh iomlán atá ann seo. Plean infheistíochta don Eoraip atá ann.

Agus sin an áit a ndéanfar difear mór le NextGenerationEU.

Ar an gcéad dul síos, 37% den airgead a chuirfear ar fáil faoi NextGenerationEU is ar chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chaithfear é.

Agus cinnteoidh mé go gcuirfear go mór leis an maoiniú glas dá bharr chomh maith.

Is ceannairí domhanda muid i réimse an mhaoinithe ghlais agus is muidne is mó a eisíonn na bannaí glasa. Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le Caighdeán Bannaí Glasa AE iontaofa a fhorbairt.

Fógraím inniu go leagfaimid síos an sprioc **gur trí bhannaí glasa a thiomsófar 30% den 750 billiún euro atá ag gabháil le NextGenerationEU**.

Ar an dara dul síos, ba cheart do NextGenerationEU infheistíocht a dhéanamh sna tionscadail threoraithe Eorpacha a mbeidh an tionchar is mó acu: tionscadail i réimsí na hidrigine agus an athchóirithe, agus tionscadail lena bhféadfar milliún pointe luchtaithe leictreach a sholáthar.

Fan go míneoidh mé an scéal:



Dhá sheachtain ó shin, cuireadh tús le hoibríochtaí tástála ar ghléasra cruach píolótach sa tSualainn, ar gléasra uathúil é nach mbaineann úsáid as breoslaí iontaise. Úsáidfidh sé hidrigin in ionad guail chun cruach ghlan a tháirgeadh.

Taispeánann sé sin an oiread is féidir leis an hidrigin cuidiú linn tionscal nua glan a chur ar obair.

**Is mian liom go gcruthóidh NextGenerationEU Lárionaid Hidrigine Eorpacha nua** chun ár dtionscail a nuachóiriú, cumhacht a sholáthar dár bhfeithiclí agus beocht nua a chur i gceantair thuaithe.




Is iad na foirgnimh a gcónaímid agus a n-oibrímid iontu an dara sampla.

Is iad ár bhfoirgnimh a ghineann 40% dár n-astaíochtaí. Ní mór iad a bheith níos inbhuanaithe, agus gan bheith chomh diomailteach costasach.

Is eol dúinn chomh maith go bhféadfaí linn charbóin fiú a dhéanamh d'earnáil na tógála in ionad foinse charbóin, má bhaintear leas as ábhair thógála orgánacha ar nós adhmaid agus as teicneolaíochtaí cliste ar nós na hintleachta saorga.

**Is mian liom go gcuirfidh NextGenerationEU tús le rabharta athchóirithe Eorpach** agus go mbeidh an tAontas seo againne ar thús cadhnaíochta sa gheilleagar ciorclach dá bharr.

Ach ní tionscadal comhshaoil ná eacnamaíoch amháin é seo: ní mór gur tionscadal cultúrtha nua don Eoraip a bheidh ann. Tá íomhá agus atmaisféar ar leith ag baint le gach gluaiseacht. Ní mór dúinn blas aeistéitiúil dá chuid féin a chur ar an athrú córasach atá ar bun againn – chun an stíl agus an inbhuanaitheacht a chur ar comhchéim.



**Is ar an gcúis sin a chuirfimid Bauhaus Eorpach nua ar bun** – spás cruthaitheachta coiteann ina mbeidh ailtirí, ealaíontóirí, mic léinn, innealtóirí agus dearthóirí ag obair le chéile chun an fhís sin a bhaint amach.

**Seo é NextGenerationEU. Seo muidne ag múnlú an tsaoil atá uainn.**

Saol ina bhfuil geilleagar a dhéanann astaíochtaí a ghearradh, an t-iomaíochas a threisiú, an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú, poist thairbheacha a chruthú agus cáilíocht na beatha a fheabhsú.

**“Ní mór gurb í Deacáid Dhigiteach na hEorpa a bheidh sna 10 mbliana seo romhainn.**

Saol ina mbaintear leas as teicneolaíochtaí digiteacha chun sochaí níos sláintiúla agus níos glaise a chruthú.

Ní féidir é seo a bhaint amach ach amháin má dhéanaimid le chéile é. Táim suite de nach é amháin go stiúrfaidh pleananna téarnaimh as an ngéarchéim muid ach go mbrúfaidh siad an Eoraip chun cinn sa saol atá romhainn.

A Chomhaltaí Onóracha,

Samhlaigh ar feadh nóiméid an saol le linn na paindéime seo gan an teicneolaíocht dhigiteach. Samhlaigh an coraintín – scoite ón teaghlach agus ón bpobal, scartha ón saol oibre – agus samhlaigh na mórfhadhbanna soláthair a bheadh ann. Níl sé chomh deacair sin a shamhlú gurbh amhlaidh a bhí 100 bliain ó shin nuair a bhí an mhórphaindéim dheireanach ann.

Céad bliain ina dhiaidh sin, is féidir le daoine óga a bheith ag foghlaim go cianda agus is féidir leis na milliúin daoine obair ón mbaile a bhuí leis an teicneolaíocht nua-aimseartha. Chuir an teicneolaíocht sin ar a gcumas do chuideachtaí a gcuid earraí a dhíol, bhí monarchana in ann fanacht ar oscailt agus bhí rialtais in ann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha a chur ar fáil de chéin. Chonaiceamar nuálaíocht agus claochlú digiteach a thógfadh blianta sa ghnáthshaol á gcur i gcrích laistigh de chúpla seachtain.

Táimid ag teacht go ceann scríbe leis na rudaí is féidir a dhéanamh ar bhealach analógach. Agus níl sa luathú iontach seo ach an tús.

**Ní mór gurb í Deacáid Dhigiteach na hEorpa a bheidh sna 10 mbliana seo romhainn.**

Teastaíonn plean coiteann um an Eoraip dhigiteach uainn ina mbeidh spriocanna le haghaidh 2030 agus iad sainithe go soiléir, cuir i gcás spriocanna maidir le nascacht, scileanna agus seirbhísí poiblí digiteacha. Agus ní mór dúinn prionsabail shoiléire a leanúint chuige sin: an ceart chun príobháideachais agus nascachta, an tsaoirse cainte, saorshreabhadh sonraí agus an chibearshlándáil.

**Ach ní mór don Eoraip a bheith ina ceannródaí digiteach – é sin nó beidh uirthi ceannródaithe eile a leanúint a bhfuil na caighdeáin sin á leagan síos acu dúinn**. Is ar an gcúis sin a chaithfimid gníomhú go tapa.

Creidim go bhfuil trí réimse ann nach mór dúinn aird a dhíriú orthu.

**I dtosach báire, sonraí.**

Ar ábhar sonraí pearsantaithe – gnólacht le tomhaltóir – bhí an Eoraip rómhall agus tá sí ag brath anois ar ghníomhaithe eile.

Ní féidir gurb amhlaidh a bheidh i dtaca le sonraí tionsclaíocha. Is é an dea-scéala atá ann go bhfuil an Eoraip chun tosaigh – tá an teicneolaíocht againn, agus thar aon ní eile, tá an tionsclaíocht againn.

Ach níl an rás rite fós. Tiocfaidh méadú faoi cheathair ar mhéid na sonraí tionsclaíocha domhanda sna cúig bliana amach romhainn agus, ar an gcaoi chéanna, ar na deiseanna a thiocfaidh as an méid sin. Ní mór dúinn an deis a thabhairt dár gcuideachtaí, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus taighdeoirí tairbhe a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán. Is fiú a meáchan féin in ór iad sonraí tionsclaíocha maidir le táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt.

Ach is é fírinne an scéil é go mbailítear 80% de shonraí tionsclaíocha agus nach mbaintear aon leas astu. Is cur amú millteanach é seo.

Fíorgheilleagar sonraí, ar an taobh eile, chuirfeadh sé borradh láidir faoi nuálaíocht agus poist nua. Agus sin é an fáth nach mór dúinn na sonraí seo a sholáthar don Eoraip agus rochtain a bheith ar fáil orthu go forleathan. Tá spásanna sonraí coiteanna de dhíth orainn - in earnálacha an fhuinnimh agus an chúraim sláinte mar shampla. Tacóidh sin le héiceachórais nuálaíochta ar a mbeidh rochtain ag ollscoileanna, cuideachtaí agus ina mbeidh siad in ann obair i gcomhar ar thionscadal a bhaineann le sonraí.

**Agus sin é an fáth a bhforbróimid néal Eorpach mar chuid de NextGenerationEU** – bunaithe ar GaiaX.

**Is í an teicneolaíocht an dara réimse nach mór dúinn díriú air – ar an intleacht shaorga go háirithe.**

Leis an intleacht shaorga cruthófar timpeallacht nua dúinn - mar thoradh ar fheirmeoireacht ardchruinnis, diagnóis leighis níos cruinne, tiomáint uathrialach shábháilte agus eile. Ach ní mór rialacha a bheith i bhfeidhm sa timpeallacht nua.

Tacar rialacha atá bunaithe ar leas an duine - is é sin atá ag teastáil. Is ceart nach mbeidh algartaim ina mbosca dubh agus ní mór rialacha soiléire a bheith ann a chuirfear i bhfeidhm má théann rud éigin amú. Cuirfidh an Coimisiún togra maidir leis an méid sin ar aghaidh an bhliain seo chugainn.

San áireamh leis sin tá smacht ar ár sonraí pearsanta, rud nach bhfuil ach ag líon róbheag daoine sa lá atá inniu ann. Gach uair a iarrann aip nó suíomh gréasáin orainn céannacht dhigiteach nua a chruthú nó logáil isteach go héasca trí ardán mór, ní bhíonn tuairim dá laghad againn cén úsáid a bhaintear as ár sonraí i ndáiríre.

**Is é sin an fáth a ndéanfaidh an Coimisiún ríomhaitheantas Eorpach slán a mholadh go luath.**

Ríomhaitheantas ar féidir linn muinín a chur ann agus ar féidir linn úsáid a bhaint as in áit ar bith san Eoraip chun idirbhearta a dhéanamh ar nós cánacha a íoc nó rothar a fháil ar cíos. Teicneolaíocht lenar féidir linn féin a rialú cé na sonraí a mbainfear úsáid astu agus an chaoi a ndéanfar sin.

**Is é an bonneagar an tríú pointe.**

Ní mór naisc sonraí a choinneáil bord ar bhord leis na hathruithe atá ag tarlú go gasta.

Má táimid ar ár ndícheall chun comhionannas deiseanna a bhaint amach, níl sé inghlactha nach bhfuil rochtain fós ag 40% de dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe ar naisc thapa leathanbhanda.

I dtaca leis an obair ón mbaile, an fhoghlaim ón mbaile, an tsiopadóireacht ar líne agus seirbhísí tábhachtacha nua, tá na naisc sin barrthábhachtach agus is ag méadú atá a dtábhacht lá i ndiaidh lae. Mura bhfuil nasc leathanbhanda ar fáil, is ar éigean is féidir gnólacht a bhunú nó a reáchtáil i láthair na huaire.

**Is iontach an deis an nascacht leathanbhanda agus is den riachtanas í chun beocht a chur i gceantair thuaithe athuair.** Is leis an nascacht sin amháin is féidir tairbhe a bhaint as acmhainneacht na gceantar sin agus tuilleadh daoine agus infheistíochta a mhealladh.

Is é atá sa bhorradh infheistíochta faoi NextGenerationEU deis ar leith an nascacht a thabhairt a fhad le gach sráidbhaile. Sin é an fáth ar mian linn ár n-infheistíocht a dhíriú ar an nascacht shlán, ar leathnú 5G, 6G agus ar shnáithín.

Is deis ar leith atá in NextGenerationEU chomh maith chun cur chuige Eorpach níos comhleanúnaí a fhorbairt i dtaca leis an nascacht agus an bonneagar digiteach a chur in úsáid.

Ní críoch ann féin é aon chuid den mhéid sin – is í ceannasacht dhigiteach na hEorpa atá i gceist, ar an mionscála agus ar an mórscála.

De ghrá an mhéid sin, is díol sásaimh dom **infheistíocht 8 mbilliún euro a fhógairt sa chéad ghlúin eile de shár-ríomhairí**, teicneolaíocht cheannródaíoch de dhéantús na hEorpa.

Agus ba mhian linn gurb é tionscal teicneolaíochta na hEorpa a fhorbróidh an chéad ghlúin eile de mhicreaphróiseálaí, micreaphróiseálaí dár gcuid féin, le gur féidir linn úsáid éifeachtúil shlán a bhaint as na méideanna sonraí atá ag méadú in aghaidh an lae.

Sin agaibh Deacáid Dhigiteach na Eorpa!

A Chomhaltaí Onóracha,

**Más é atá uainn an Eoraip dul chun cinn gasta a dhéanamh ní mór dúinn ár misneach a mhúscailt.**

Is é sin níos mó smachta a bheith ag an Eoraip ar an todhchaí atá roimpi.

Tá an acmhainn is gá againn chun beocht a chur inti. Agus is é sin atá ag teastáil go géar ón earnáil phríobháideach freisin.

Anois an uain is fearr chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí teicneolaíochta Eorpacha agus moil



dhigiteacha nua á bhforbairt in ionaid ar fud na hEorpa ar nós Sóifia, Liospóin agus Katowice. Is againn atá na daoine, is againn atá na tuairimí agus is ionainn atá an neart chun rath a chur ar an Aontas.

Agus sin é an fáth a ndéanfaimid 20% de NextGenerationEU a infheistiú san fhorbairt dhigiteach.

Is é atá uainn san Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta ar an mbealach chuig an Aois Dhigiteach: bunaithe ar ár luachanna, ár neart agus ár n-uaillmhianta domhanda.

## RÍTHÁBHACHT NA hEORPA I nDOMHAN LEOCHAILEACH

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá an Eoraip tiomanta leas a bhaint as an aistriú seo chun an domhan is ansa linn a chruthú. Agus ar ndóigh ní hí an Eoraip amháin atá i gceist.

> **Le linn na paindéime, rinne eitleáin Eorpacha na mílte tonaí trealaimh cosanta a sheachadadh go gach uile chearn den domhan, an tSúdáin, an Afganastáin, an tSomáil agus Veiniséala san áireamh.**

Tá dhá rud léirithe ag an bpaindéim in éindí – leochaileacht an chórais dhomhanda agus an tábhacht a bhaineann le hoibriú i gcomhar chun dul i ngleic le dúshláin chomhchoiteanna.

Mar fhreagairt ar an víreas, tá daoine ann a shocraigh cúlú agus aonrú. Agus tá daoine ann a chuir isteach ar an gcóras d'aon ghnó.

**Lámh chúnta a thabhairt, sin atá beartaithe ag an Eoraip.** Ní bolscaireacht leithleach atá sa cheannaireacht seo againne. Ní hé go bhfuilimid ag féachaint le tús áite a thabhairt don Eoraip. Is é an rud is tábhachtaí a bheith ar thús cadhnaíochta agus freagairt dháiríre á tabhairt.

Le linn na paindéime, rinne eitleáin Eorpacha na mílte tonaí trealaimh cosanta a sheachadadh go gach uile chearn den domhan, an tSúdáin, an Afganastáin, an tSomáil agus Veiniséala san áireamh.

Ní bheidh duine ar bith slán go dtí go mbeidh gach duine slán – cibé áit ina bhfuilimid inár gcónaí, cibé rud atá ar siúl againn.

**Rochtain ar vacsaín inacmhainne shábháilte, is é sin an bealach is fearr chun an méid sin a thabhairt i gcrích.**

Ag tús na paindéime, ní raibh maoiniú ar fáil, níorbh ann do cheart domhanda le haghaidh vacsaín COVID – ní raibh ann ach iarracht chruógach a bheith ar an gcéad eagraíocht a chuirfeadh vacsaín ar fáil.

Is ag an bpointe sin a **tháinig an tAontas chun cinn chun an fhreagairt a stiúradh.** I gcomhar leis an tsochaí shibhialta, G20, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus eagraíochtaí eile, thugamar breis agus 40 tír le chéile chun 16 bhilliún euro a thiomsú chun an taighde ar vacsaíní, tástálacha agus cóireálacha a mhaoiniú don domhan uile. Sin agat cumhacht an Aontais tíortha a shlógadh le chéile – cumhacht nach bhfuil a sárú le fáil.

Ach ní leor vacsaín a fhorbairt. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh rochtain uirthi ag saoránaigh na hEorpa agus ag daoine ar fud an domhain.

An mhí seo, chuaigh an tAontas Eorpach i bpáirt sa tsaoráid dhomhanda COVAX agus thug sé 400 milliún euro chun cuidiú agus chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh vacsaíní ar fáil, ní hamháin dóibhsean a bhfuil sé d'acmhainn acu iad a cheannach – ach do gach duine a bhfuil siad de dhíth orthu.

**An náisiúnachas maidir le vacsaíní, cuireann sé beatha daoine i mbaol. An comhar maidir le vacsaíní, sábhálann sé beatha daoine.**

A Chomhaltaí Onóracha,

Creidimid go daingean i neart agus i luach an chomhair idir comhlachtaí idirnáisiúnta



I dteannta leis na Náisiúin Aontaithe, agus iad láidir, is féidir linn teacht ar réitigh fhadtéarmacha le haghaidh géarchéimeanna mar atá sa Libia agus sa tSiria.

I dteannta leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus í láidir, is fearr is féidir linn ullmhú le haghaidh paindéimí domhanda nó ráigeanna áitiúla nó freagairt dóibh - bíodh an coróinvíreas nó an galar víris Ebola i gceist.

Agus is i dteannta leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus í láidir, is féidir linn iomaíocht chothrom do gach duine a chinntiú.

Ach is é fírinne an scéil é **gur gá an córas iltaobhach a athbheochan agus a athchóiriú**, **rud atá níos práinní anois ná riamh roimhe**. Tá an córas domhanda seo againne ag lagú diaidh ar ndiaidh. Tá mórchumhachtaí ag tarraingt siar as institiúidí ar mhaithe leo féin nó tá na hinstitiúidí céanna gafa mar ghialla acu.

**Níl ceann scríbe slán ag deireadh ceachtar den dá bhealach sin. Go dearfa, tá athrú uainn. Ach athrú a thiocfaidh trí rudaí a thógáil seachas trína scriosadh.**

Agus sin an fáth ar mian liom an tAontas a bheith ar thús cadhnaíochta san athchóiriú ar EDT agus EDS ionas go mbeidh siad oiriúnach do shaol an lae inniu.

Mar sin féin, tá a fhios againn go mbainfidh sé am asainn na hathchóirithe sin a dhéanamh agus, idir an dá linn, leanfaidh an domhan ar aghaidh.

**Gan aon amhras, tá géarghá leis an Eoraip seasaimh shoiléire a ghlacadh agus bearta tapa a dhéanamh maidir le gnóthaí domhanda.**

Dhá lá ó shin, bhí an cruinniú is déanaí ann idir ceannairí an Aontais Eorpaigh agus ceannairí na Síne.

An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an tSín, tá sé ar cheann de na caidrimh is tábhachtaí ó thaobh straitéise de agus tá sé ar cheann de na caidrimh is dúshlánaí dá bhfuil romhainn chomh maith.

Ón gcéad lá amach, tá sé ráite agam gur comhpháirtí idirbheartaíochta, iomaitheoir eacnamaíoch agus céile comhraic córasach í an tSín.

Tá leasanna i gcoiteann againn ar shaincheisteanna, mar atá an t-athrú aeráide, agus léirigh an tSín go bhfuil sí toilteanach dul i mbun cainteanna linn trí bhíthin comhphlé ardleibhéil. Mar sin féin, táimid ag súil go gcomhlíonfaidh an tSín na gealltanais a thug sí i gComhaontú Pháras agus go gcuirfidh sí eiseamláir roimh thíortha eile dá réir.

Tá obair chrua le déanamh fós maidir le rochtain chothrom ar an margadh do chuideachtaí Eorpacha agus maidir leis an gcómhalartacht agus an ró-acmhainneacht. Tá comhpháirtíocht trádála agus infheistíochta éagothrom againn fós.

Agus níl amhras ar bith ann ach go bhfuil córais rialachais agus sochaí an-éagsúil á gcur chun cinn againn. Creidimid i luach uilíoch an daonlathais agus i gcearta an duine aonair.

San Eoraip, tá ár gcuid fadhbanna féin againn - an frith-Sheimíteachas cuirim i gcás. Ach is go poiblí a phléitear iad. Ní hamháin go bhfuil glacadh le cáineadh agus le tuairimí freasúra ach tá siad faoi chosaint faoin dlí.

Mar sin, ní mór dúinn aird a tharraingt ar threascairtí a dhéantar ar chearta an duine is cuma cén uair a tharlaíonn siad agus cén áit - bíodh sin i Hong Cong nó ar an bpobal Uigiúr.

Ach cad atá dár gcoinneáil siar? Maidir le luachanna an Aontais Eorpaigh, cén fáth a gcuirtear moill ar ráitis shimplí uainn fiú amháin, nó a ndéantar iad a lagú nó iad a choinneáil i sáinn ar mhaithe le cúiseanna eile?

Nuair a deir na Ballstáit go bhfuil an Eoraip rómhall, iarraim orthu a bheith cróga agus dul bealach na vótála trí thromlach cáilithe - i dtaca le cur i bhfeidhm chearta an duine agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar a laghad ar bith.

**Is iomaí uair a d'iarr an teach seo Gníomh Eorpach Magnitsky - agus féadaim a fhógairt go bhfuil togra á bheartú againn faoi láthair**.

Ní mór dúinn ár mbosca uirlisí a líonadh.

A Chomhaltaí Onóracha,

Is cuma más Hong Cong, Moscó nó Mionsc atá i gceist: ní mór don Eoraip seasamh soiléir tapa a ghlacadh.

**Is mian liom a rá go breá soiléir: is ar son mhuintir na Bealarúise atá an tAontas Eorpach.**

An móruchtach a léirigh na daoine sin a chruinnigh le chéile go síochánta i gCearnóg an Neamhspleáchais nó a ghlac páirt i léirsiú beageaglach na mban, chuaigh sé i gcion orainn ar fad.

Na toghcháin a thug amach ar na sráideanna iad, ní saor ná cothrom a bhí siad. Agus is ábhar náire an fhreagairt bhrúidiúil a bhí ag an rialtas ó shin i leith.

**Ní mór do mhuintir na Bealarúise a bheith saor lena dtodhchaí féin a chinneadh dóibh féin**. Ní fir fichille iad ar chlár fichille duine éigin.

Deirim an méid seo leosan atá ag moladh ceangal níos dlúithe a dhéanamh leis an Rúis - ní eachtra aon uaire a bhí i nimhiú Alexei Navalny le hoibreán forbartha ceimiceach. **Tá an patrún tugtha faoi deara againn sa tSeoirsia agus san Úcráin, sa tSiria agus in Salisbury - agus an ladar á chur isteach i dtoghcháin ar fud an domhain**. Níl aon athrú tagtha ar an bpatrún sin - agus ní bheidh aon athrú air sin mar gheall ar phíblíne ar bith.

Comharsa thábhachtach atá agus a bheidh sa Tuirc i gcónaí. Mar sin féin, cé go bhfuilimid gar dá chéile ar an léarscáil, tá dealramh air go bhfuilimid ag fiaradh ó chéile. Go deimhin, is corrach an chomharsanacht ina bhfuil an Tuirc. Agus is fíor go bhfuil na milliúin dídeanaithe a n-óstáil inti, dídeanaithe a fhaigheann tacaíocht mhaoinithe nach beag ón Aontas Eorpach. Ach ní údar cuí cuid ar bith den mhéid sin le hiarrachtaí atá déanta aici imeagla a chur ar a comharsana.

**Is féidir leis an gCipir agus an Ghréig, Ballstáit de chuid an Aontais, a bheith ag brath i gcónaí ar dhlúthpháirtíocht iomlán na hEorpa maidir lena gcearta ceannasachta dlisteanacha a chosaint**.

Is dár leas coiteann é cúrsaí a shuaimhniú sa Mheánmhuir Thoir. Céim dhearfach sa treo ceart is ea é gur fhill soithí taiscéalaíochta ar chalafoirt na Tuirce le laethanta beaga anuas. Tá sin riachtanach chun an spás atá de dhíth a dhéanamh le haghaidh an chomhphlé. Ní mór staonadh ó bhearta aontaobhacha agus dul i mbun cainteanna arís de mheon macánta fírinneach, sin an t-aon bhealach chun cinn. Is é an t-aon bhealach i dtreo na cobhsaíochta agus na réiteach marthanach é.

A Chomhaltaí Onóracha,

**Chomh maith le freagairt níos teanntásaí a thabhairt ar imeachtaí domhanda, ní mór don Eoraip cur go mór lena comhpháirtíochtaí i gcomhar lena cairde agus lena comhghuaillithe.**

Agus chuige sin, ní mór tosú trínár gcomhpháirtíochtaí is marthanaí a athbheochan.

Níor aontaíomar i gcónaí le gach cinneadh a rinne an Teach Bán le déanaí. Ach **is mór againn i gcónaí an chomhghuaillíocht thrasatlantach** - bunaithe ar luachanna agus stair chomhroinnte, agus ceangal dobhriste idir ár bpobail.

Mar sin, beag beann ar an méid a tharlóidh amach sa bhliain seo, táimid réidh chun clár oibre nua trasatlantach a fhorbairt. Ár gcomhpháirtíocht dhéthaobhach a neartú - is cuma más trádáil, teicneolaíocht nó cánachas atá i gceist.

Agus táimid réidh chun oibriú *le chéile* ar an gcóras idirnáisiúnta a thógamar *le chéile* a athchóiriú, i dteannta comhpháirtithe ag a bhfuil an meon céanna. Ar mhaithe lenár leasanna féin agus leis an leas coiteann.

Teastaíonn tús nua le seanchairde uainn – ar an dá thaobh den Atlantach agus ar an dá thaobh de Mhuir nIocht.

B'fhiú míle focal ar thit amach sa seomra seo féin nuair a d'fhágamar slán le chéile, greim lámh againn ar a chéile agus sinn ag canadh Auld Lang Syne. Léiríodh dáimh le muintir na Breataine nach sleabhcfar go brách.

É sin ráite; le fuineadh néal nóna gach lá dá n-éiríonn *sleabhctar* an seans go dtiocfar ar chomhaontú tráthúil.

Bíonn an chaibidlíocht deacair i gcónaí. Tá seanchleachtadh againn air sin.

Tá ag an gCoimisiún an t-idirbheartaí is fearr agus is mó taithí chun muid a thabhairt tríd, is é sin Michel Barnier.

Ní leor linn an dul chun cinn atá déanta sna cainteanna. Agus fágann sé sin nach bhfuil mórán ama againn.

**Mar is gnách, is é an Teach seo is túisce a bheidh ar an eolas agus is ag an Teach seo a bheidh an focal scoir**. Geallaim daoibh go leanfaimid ar aghaidh de bheith do bhur gcoimeád ar an eolas i ngach tráth, faoi mar a rinneamar i gcás an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Caitheadh trí bliana i mbun caibidlíochta chun an comhaontú sin a shocrú agus d'oibríomar gan staonadh air. Líne ar líne, focal ar fhocal.

D'éirigh linn le chéile. Cinntíonn toradh na caibidlíochta sin cearta ár saoránach, ár leasanna airgeadais, sláine an Mhargaidh Aonair – agus an rud is tábhachtaí fós, Comhaontú Aoine an Chéasta.

Chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe le chéile gurb é sin an bealach is fearr, gurb

é sin an t-aon bhealach, síocháin ar oileán na hÉireann a chinntiú.

> **Tá na Balcáin Thiar ina gcuid den Eoraip – ní díreach ina stad scíthe ar Bhóthar an tSíoda iad.**

Ní tharraingeoimid siar ón méid sin go dtaga thiar aniar. Ritheadh an comhaontú sin sa Teach seo agus i dTeach na dTeachtaí.

Ní féidir é a athrú, neamhaird a dhéanamh de ná é a dhífheidhmiú ar bhonn aontaobhach. Ábhar dlí, iontaoibhe agus dea-mhéine é sin.

Agus ní mise amháin atá á rá – meabhraím daoibh briathra Margaret Thatcher:

"*Ní sháraíonn an Bhreatain conarthaí. Bheadh sé go holc don Bhreatain, go holc don chaidreamh leis an gcuid eile den domhan, agus go holc d'aon chonradh trádála a bheadh ann amach anseo*".

**B'fhíor an t-am sin é, agus is fíor fós inniu é.**

**Is í an iontaoibh is bunchloch d'aon chomhpháirtíocht láidir.**

Beidh an Eoraip réidh i gcónaí comhpháirtíochtaí láidre a chothú leis na comharsana is gaire dúinn.

Cuirfear tús leis sin leis na Balcáin Thiar.

Ba stairiúil amach agus amach an cinneadh a glacadh sé mhí ó shin caibidlíocht aontachais a thionscnamh leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh.

Ar ndóigh, tá todhchaí an réigiúin sin *ar fad* faoi bhrat an Aontais Eorpaigh. Is linne beirt an stair chéanna, is romhainn beirt an chinniúint chéanna.

**Tá na Balcáin Thiar ina gcuid den Eoraip - ní díreach ina stad scíthe ar Bhóthar an tSíoda iad.**

Déanfaimid pacáiste téarnaimh eacnamaíoch do na **Balcáin Thiar** a chur i láthair go luath agus é ag díriú ar roinnt tionscnaimh infheistíochta réigiúnaí.

Tacóimid freisin le tíortha **Chomhpháirtíocht an Oirthir** agus lenár gcomhpháirtithe i gcomharsanacht an deiscirt – chun poist a chruthú agus chun borradh a chur faoina ngeilleagar.

Nuair a thosaigh mé sa phost seo, is é an chéad turas a roghnaigh mé mar chéad turas agam lasmuigh den Aontas Eorpach turas chun an Aontais Afracaigh, agus ba nádúrtha an rogha é sin. Ba nádúrtha an rogha é agus ba theachtaireacht shoiléir é, óir ní hé amháin gur comharsana sinn, is comhpháirtithe nádúrtha muid chomh maith.

Trí mhí ina dhiaidh sin, d'fhill mé le mo Choláiste iomlán chun na tosaíochtaí dár straitéis nua i dtaobh na hAfraice a leagan amach. Is comhpháirtíocht ar bhonn comhionann í, ina roinneann an dá thaobh deiseanna agus dualgais.

Beidh an Afraic ina príomh-chomhpháirtí i bhfíorú an tsaoil atá uainn – bíodh cúrsaí aeráide, digiteacha nó trádála i gceist.

> **Ba cheart costas a bheith ar charbón – mar ní féidir leis an dúlra an costas sin a íoc a thuilleadh.**

A Chomhaltaí Onóracha,

**Creidimid i gcónaí i dtrádáil oscailte chóir ar fud an domhain**. Ní ar mhaithe léi féin – ach mar bhealach chun rathúnas a chothú sa bhaile agus chun na luachanna agus na caighdeáin seo againne a chur chun cinn. Baineann níos mó ná 600,000 post san Eoraip leis an trádáil leis an tSeapáin. Chuidigh an comhaontú a rinneamar le Vítneam le déanaí cearta stairiúla saothair a bhaint amach do na milliúin oibreoirí sa tír sin.

**Úsáidfimid ár neart taidhleoireachta** agus ár gcumhacht eacnamaíoch chun comhaontuithe a dhéanfaidh difear a idirghabháil – limistéir mhuirí faoi chosaint a ainmniú in Antartaice mar shampla. Bheadh beart den chineál sin ar na bearta cosanta comhshaoil ba mhó riamh.

**Cruthóimid comhghuaillíochtaí an-uaillmhianach** i dtaobh saincheisteanna ar nós eitic dhigiteach nó dífhoraoisiú a chomhrac – agus forbróimid comhpháirtíochtaí



le gach comhpháirtí den mheon céanna – daonlathais na hÁise, an Astráil, an Afraic agus críocha Mheiriceá ina measc agus le haon chríoch eile ar mian léi a bheith páirteach.

**Oibreoimid ar son domhandú cóir**. Ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de gurb amhlaidh a bheidh áfach. Ní mór dúinn seasamh ar an éileamh go mbeadh cothrom na Féinne agus cothrom iomaíochta ann. Rachaidh an Eoraip chun cinn – ina haonar nó i dteannta comhpháirtithe ar mian leo a bheith páirteach.

Táimid ag obair ar Shásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha mar shampla.

Ba cheart costas a bheith ar charbón – mar ní féidir leis an dúlra an costas sin a íoc a thuilleadh.

Ba cheart go spreagfadh an **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha** táirgeoirí eachtracha agus allmhaireoirí san Aontas lena gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú, agus cinnteoidh sé, san am céanna, go mbainfear cothrom iomaíochta amach ar dhóigh a oirfidh don Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

> **“Is cur chuige daonna cineálta a bheidh againn. Níl an dara rogha ann ach beatha daoine ar muir a shábháil.**

Baineann an prionsabal céanna leis an g**cánachas digiteach**. Déanfaimid ár seacht ndícheall teacht ar chomhaontú i gcreat ECFE (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) agus G20. Ná bíodh aon amhras ann: má dhéantar comhaontú nach bhfuil córas cóir cánach trína soláthrófar ioncam inbhuanaithe fadtéarmach san áireamh ann, molfaidh an Eoraip togra go luath an bhliain seo chugainn.

**Teastaíonn uaim go mbeidh an Eoraip ina pléadálaí domhanda ar son na cothroime.**

## SPIONNADH NUA DON EORAIP

A Chomhaltaí Onóracha,

Má tá an Eoraip chun an ról ríthábhachtach seo a imirt sa domhan mór – ní mór di spionnadh nua a chur inti féin freisin.

Agus chun bogadh ar aghaidh ní mór dúinn anois na héagsúlachtaí atá dár gcoimeád siar a shárú.

Léiríonn an comhaontú stairiúil maidir le NextGenerationEU gur féidir é a dhéanamh. An luas lenar ghlacamar cinntí maidir le rialacha fioscacha, státchabhair nó SURE – léirítear sa mhéid sin gur féidir é a dhéanamh.

Mar sin déanaimis é.

Is saincheist í an imirce atá pléite fada go leor.

Bhí an imirce ann riamh anall san Eoraip – agus beidh i gcónaí. I gcaitheamh na gcéadta bliain, ba ghné dár sochaithe í, chuir sí lenár gcultúir agus mhúnlaigh sí an saol atá ag an-chuid againn. Agus is amhlaidh a bheidh i gcónaí.

Mar is eol dúinn, chruthaigh géarchéim imirce 2015 easaontais mhóra go leor idir na Ballstáit – agus tá roinnt de na créachtaí sin fós á leigheas inniu.

Tá go leor déanta ó shin. Ach tá go leor in easnamh fós.

Má **táimid ar fad réidh le comhghéilleadh - gan géilleadh d**ár bprionsabail - is féidir linn teacht ar an réiteach sin.

An tseachtain seo chugainn, cuirfidh an Coimisiún Comhaontú Nua maidir leis an Imirce i láthair.

Is **cur chuige daonna cineálta** a bheidh againn. Níl an dara rogha ann ach beatha daoine ar muir a shábháil. Agus ní mór do na tíortha sin a chomhlíonann a ndualgais dhlíthiúla agus mhorálta nó a bhfuil tionchar níos mó orthu ná mar atá ar thíortha eile a bheith in ann brath ar dhlúthpháirtíocht gach cuid den Aontas Eorpach seo againne.

Déanfaimid cinnte de go mbeidh nasc níos dlúithe idir an tearmann agus daoine a chur ar ais. Ní mór dúinn idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu siúd a bhfuil an ceart fanachta acu agus iad siúd nach bhfuil.

Déanfaimid beart chun smuigléirí a chomhrac, teorainneacha seachtracha a neartú, comhpháirtíochtaí seachtracha a dhoimhniú agus conairí dleathacha a chruthú.

Agus déanfaimid cinnte de go gcuimseofar na daoine a bhfuil an ceart fanachta acu agus go mbeidh fáilte mhór rompu.

Tá todhchaí le tógáil acu – agus scileanna, fuinneamh agus tallann acu.

Smaoiním ar Suadd, an dídeanaí Siriach sna déaga a tháinig chomh fada leis an Eoraip agus brionglóid

aici a bheith ina dochtúir. Laistigh de thrí bliana bronnadh scoláireacht mór le rá uirthi ó Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

Smaoiním ar dhochtúirí na Libia agus na Somáile ar dídeanaithe iad a thairg a scileanna leighis a luaithe a bhuail an phaindéim an Fhrainc.

A Chomhaltaí Onóracha, má smaoinímid ar an méid atá sáraithe ag na daoine sin agus an méid atá bainte amach acu, ansin **níl aon dul as againn ach a bheith in ann ceist na himirce a bhainistiú le chéile**.

**“Is dúshlán Eorpach í an imirce agus is gá do gach cuid den Eoraip a cion a dhéanamh.**

Is meabhrú pianmhar atá sna híomhánna de champa Moria gur gá don Eoraip teacht le chéile.

Ní mór do gach duine dlús a chur leis an obair agus freagracht a ghlacadh – agus is é sin go díreach a dhéanfaidh an Coimisiún. Tá an Coimisiún ag obair i láthair na huaire ar scéim phíolótach chomhpháirteach le húdaráis na Gréige le haghaidh campa nua ar Lesvos. Is féidir linn cúnamh a thabhairt don phróiseas tearmainn agus don phróiseas le daoine a chur ar ais agus feabhas mór a chur ar dhálaí na ndídeanaithe.

**Ach ba mhaith liom a bheith soiléir: má chuirimid dlús leis an obair, ansin bheinn ag súil leis go ndéanfadh gach Ballstát sin freisin.**

**Is dúshlán Eorpach í an imirce agus is gá do gach cuid den Eoraip a cion a dhéanamh.**

Ní mór dúinn an mhuinín eadrainn a atógáil agus dul chun tosaigh le chéile.

Agus tá an mhuinín sin ag croílár an Aontais seo againne agus baineann sí go dlúth leis an gcaoi a ndéanaimid rudaí le chéile.

Tá sé fothaithe ar ár mbunluachanna, ár ndaonlathais agus ár gComhphobal Dlí – mar a thugadh Walter Hallstein air.

Ní téarma teibí é seo. Cuidíonn an smacht reachta chun daoine a chosaint ar smacht na ndaoine cumhachtacha. Is é a thugann rathúnas ar na gnáthchearta agus gnáthshaoirsí laethúla is bunúsaí atá againn. Ligeann sé dúinn ár dtuairim a thabhairt agus eolas a fháil ó phreas a bhfuil saoirse aige.

**“Dhéanfaimid cinnte de go mbeidh an t-airgead ónár mbuiséad agus ó NextGenerationEU cosanta i gcoinne calaois, caimiléireacht agus coinbhleacht leasa de chineál ar bith. Sin a bhfuil de.**

Roimh dheireadh na míosa, glacfaidh an Coimisiún an chéad tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta ina mbeidh tuairisc ar gach Ballstát.

Is uirlis choisctheach í sin chun dúshláin a bhrath go luath agus chun réitigh a aimsiú.

Is mian liom go mbeidh sé seo mar thúsphointe don Choimisiún, don Pharlaimint agus do na Ballstáit lena chinntiú nach mbeidh aon titim siar ann.

Tá an smacht reachta barrthábhachtach don Choimisiún. Is ar an gcúis sin a dhéanfaimid cinnte de go mbeidh an t-airgead ónár mbuiséad agus ó NextGenerationEU cosanta i gcoinne calaois, caimiléireacht agus coinbhleacht leasa de chineál ar bith. Sin a bhfuil de.

Ach meabhraíodh dúinn le míonna beaga anuas a leochailí is féidir leis a bheith. Tá dualgas orainn a bheith ar an airdeall i gcónaí chun aire a thabhairt don smacht reachta agus é a chothú.

Ní féidir cur suas le sáruithe ar an smacht reachta. Leanfaidh mé de bheith á chosaint, mar aon le sláine na n-institiúidí Eorpacha atá againn. Bíodh príomhacht an dlí Eorpaigh, saoirse an phreasa, neamhspleáchas na mbreithiúna nó díol pasanna órga i gceist. Níl luachanna na hEorpa ar díol.



A Chomhaltaí Onóracha,

Is tábhachtaí ná riamh na luachanna sin. Deirim sin, mar nuair a smaoiním ar staid an Aontais seo againne, meabhraítear dom an méid a dúirt John Hume – duine de na hEorpaigh mhóra a chuaigh ar shlí na fírinne i mbliana.

Tá an-chuid daoine ina gcónaí faoi shíocháin ar oileán na hÉireann sa lá atá inniu ann agus a bhuí sin, den chuid is mó, lena dhiongbháilte a chreid sé sa chine daonna agus i réiteach coinbhleachtaí.

Is é an mana a bhí aige gur difríochtaí is bunús leis an gcoinbhleacht agus gurb é *an meas* ar dhifríochtaí is bunús leis an tsaoirse.

Agus mar a mheabhraigh sé don Teach seo in 1998, agus a láncheart aige: "*Chinn na hEorpaigh sin a raibh fís acu nach bagairt í an difríocht, gur rud nádúrtha í an difríocht.* ***Tá an difríocht ag croí an chine dhaonna***".

Tá na briathra sin chomh tábhachtach inniu agus a bhí siad riamh.

Óir, nuair a bhímid ag féachaint thart orainn, fiafraímid dínn féin, cá bhfuil *croí an chine dhaonna* agus triúr páistí in Wisconsin ag féachaint ar a n-athair á lámhach ag póilíní agus iad ina suí sa charr?

Fiafraímid cá bhfuil *croí an chine dhaonna* agus feistis charnabhail fhrith-Sheimíteacha le feiceáil go soiléir ag mórshiúlta ar na sráideanna?

Cá bhfuil *croí an chine dhaonna* nuair atá daoine Romacha á n-eisiamh ón tsochaí gach uile lá agus go gcoinnítear daoine eile siar díreach mar gheall ar dhath a gcraicinn nó a gcreideamh reiligiúnach?

Tá bród orm a bheith i mo chónaí san Eoraip, i sochaí oscailte seo na luachanna agus na héagsúlachta.

Ach fiú anseo san Aontas seo – is cuid den ghnáthshaol laethúil iad na scéalta sin i gcás go leor daoine.

Agus meabhraíonn sin dúinn gur **rud leochaileach é an dul chun cinn sa chomhrac i gcoinne an chiníochais agus an fhuatha – is le dua mór a shaothraítear** é ach **is go bog réidh a chailltear** é.

Anois an uair chun athrú a dhéanamh.

Chun Aontas fíor-fhrithchiníoch a chruthú – ina gcáintear an ciníochas, ach ina ndéantar bearta lena leigheas freisin.

Agus tá plean gníomhaíochta á leagan síos ag an gCoimisiún chun tús a chur leis sin.

Mar chuid de sin, molfaimid go leathnófar liosta choireanna an Aontais Eorpaigh chuig gach cineál coire fuatha agus fuathchainte – bíodh sin mar gheall ar chine, reiligiún, inscne nó gnéasacht.

**Fuath is ea fuath – agus níor cheart d'aon duine cur suas leis**.

Neartóimid ár ndlíthe maidir le comhionannas ciníocha áit ar bith a bhfuil bearnaí ann.

Bainfimid úsáid as ár mbuiséad chun dul i ngleic leis an idirdhealú i réimsí ar nós na fostaíochta, na tithíochta nó an chúraim sláinte.

> **"Aontas inar féidir le duine a bheith dílis dó féin agus grá a thabhairt don té is ansa leis – gan eagla a bheith air roimh an maslú ná roimh an idirdhealú.**

Beimid níos déine ar fhorfheidhmiú sa chás a mbeidh cur chun feidhme ag titim chun deiridh.

**Óir, san Aontas seo, ní bheidh an dara rogha ann ach an ciníochas a chomhrac**.

Cuirfimid **feabhas ar an oideachas agus ar an eolas** i dtaca le cúiseanna stairiúla agus cultúrtha an chiníochais.

Rachaimid **i ngleic leis an gclaontuairim neamh-chomhfhiosach** atá ag daoine, ag institiúidí agus ag algartaim fiú.

Agus **ceapfaimid an chéad chomhordaitheoir frithchiníochais de chuid an Choimisiúin** chun é sin a choimeád ag barr an chláir oibre agus chun bheith ag obair go díreach le daoine, leis an tsochaí shibhialta agus leis na hinstitiúidí.

A Chomhaltaí Onóracha,

Ní dhéanfaidh mé dhá leath de mo dhícheall chun Aontas seo an Chomhionannais a bhaint amach.

Aontas inar féidir le duine a bheith dílis dó féin agus grá a thabhairt don té is ansa leis – gan eagla a bheith air roimh an maslú ná roimh an idirdhealú.



Óir, **a bheith dílis duit féin, ní hionann sin agus d'idé-eolaíocht.**

**Is é d'fhéiniúlacht** é.

**Agus ní féidir le haon duine é a thógáil uait.**

Mar sin, is mian liom a bheith ríshoiléir – **is limistéir saor ón daonnacht limistéir atá saor ó dhaoine LADTIA (LGBTQI). Agus níl aon áit dóibh san Aontas seo againne.**

Agus lena chinntiú go dtacaímid leis an bpobal iomlán, cuirfidh an Coimisiún straitéis ar aghaidh go luath chun cearta LADTIA.

Mar chuid de sin, éileoidh mé go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do ghaolta teaghlaigh san Aontas Eorpach. **Más tuismitheoir thú i dtír amháin, is tuismitheoir thú i ngach tír**.

## CONCLÚID

A Chomhaltaí Onóracha,

Is domhan é seo ar mian linn maireachtáil ann.

Áit a bhfuilimid aontaithe san éagsúlacht agus i gcoinne na ndúshlán. Áit a n-oibrímid le chéile ar mhaithe leis na difríochtaí atá eadrainn a shárú – agus áit a dtéimid faoi scáth a chéile i gcoinne chora crua an tsaoil.

Áit a dtógaimid ar na saolta seo an domhan sin is mian linn a bheith ann dár bpáistí amach anseo – domhan atá níos sláintiúla, níos láidre agus níos measúla.

Agus sinn ag iarraidh ceachtanna saoil a mhúineadh dár bpáistí, áfach, bíonn bunbhrí an tsaoil á múineadh acu dúinn.

Chonaiceamar ar fad chomh fíor atá sin sa bhliain a d'imigh tharainn.

D'fhéadfaimis labhairt faoi na milliúin daoine óga a bhfuil athrú ar mhaithe le pláinéad níos fearr á lorg acu. Nó faoi na céadta mílte tuartha ceatha áille de dhlúthpháirtíocht atá crochta suas ag ár bpáistí ar fhuinneoga ar fud na hEorpa.

Ach tá íomhá amháin a sheasann amach i m'intinn ó na sé mhí dheireanacha dheacra a bhí againn. Íomhá ina léirítear an domhan trí shúile ár bpáistí.



Is é sin an íomhá de Carola agus Vittoria. An bheirt chailíní óga ag imirt leadóige ar na díonta in Liguria na hIodáile.

Ní misneach agus tallann na gcailíní an t-aon rud a sheasann amach.

Tá ceacht taobh thiar di. Gan ligean do chonstaicí seasamh sa bhealach, gan ligean do ghnásanna thú a choinneáil siar, an deis a thapú – is é sin atá ann.

Is é sin a mhúineann Carola, Vittoria agus daoine óga uile na hEorpa dúinn faoin saol gach lá. Sin agat an chéad ghlúin eile de mhuintir na hEorpa. Sin agat NextGenerationEU.

I mbliana, lean muintir na hEorpa sampla na gcailíní agus tá dul chun cinn mór déanta againn le chéile.

Nuair a bhí orainn bealach i dtreo na todhchaí a aimsiú, níor ligeamar do sheanghnásanna sinn a choinneáil siar.

Nuair a bhraitheamar leochaileacht thart orainn, thapaíomar an deis chun borradh a chur faoin Aontas seo againne.

Nuair a bhí rogha againn a bheith ar ár gconlán féin mar a bhí san am atá thart, bhaineamar úsáid as neart na 27 dtír chun deis a thabhairt do na 27 dtír a bheith inchurtha leis an todhchaí.


Léiríomar go bhfuilimid uile sa bhád céanna agus is sa bhád céanna a thiocfaimid as seo.

**A Chomhaltaí Onóracha,**

**Is fúinne atá sé an todhchaí a mhúnlú. An Eoraip atá uainn, sin a bheidh againn.**

**Ná déanaimis a bheag di feasta. Agus oibrímis le chéile ar a son. Cuirimis neart inti. Agus múnlaímis an domhan ar ár mian féin!**

**Gura fada a mhairfidh an Eoraip!**



***Ursula von der Leyen***

STAID AN AONTAIS 2020

# Litir Intinne chuig an Uachtarán David Maria Sassoli agus chuig an Seansailéir Angela Merkel

*An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2020*

*A Uachtaráin Sassoli,*

*A Sheansailéir Merkel,*

*Beagnach 500 lá ó shin, chuir muintir na hEorpa iad féin in iúl go soiléir tréan. Ag na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, thug siad sainordú láidir d'institiúidí an Aontais a bheith misniúil uaillmhianach, agus a bheith ina gceann feadhna i dtaca le saol níos sláintiúla, níos láidre agus níos cothroime a chruthú. Léiriú ar an uaillmhian sin is ea na treoirlínte polaitiúla a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i mí Iúil 2019. Is bunús iad na treoirlínte sin, ó shin i leith, don obair choiteann atáimid a dhéanamh agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bParlaimint agus leis an gComhairle araon as ucht a gcuid tacaíochta agus a gcuid comhoibre le bliain anuas.*

*Thugamar an gealltanas seo a leanas anuraidh sna treoirlínte polaitiúla, agus is é a bhí ina threoir ag an Coimisiún seo againn, ón gcéad lá riamh: "***Beidh dúshláin éagsúla agus deiseanna nua ag teacht chun cinn gan amhras ar bith: cuirfimid ár gcuid oibre in oiriúint dó sin, agus ní bheimid taobh le modhanna seanchaite, ach cloífimid go docht leis na prionsabail agus leis na cuspóirí** *". Sin agat, go hachomair, an obair atá déanta ag an gCoimisiún seo sna chéad deich mí in oifig dó, agus sin í an obair a bheidh le déanamh aige sa bhliain atá romhainn freisin.*

*Sa chéad 100 lá in oifig don Choimisiún, leagamar síos an dúshraith don athrú córasach a theastaíonn ón Eoraip. Chuireamar an Comhaontú Glas don Eoraip i láthair, mar aon leis an straitéis fáis nua, agus leagamar amach na pleananna atá againn le haghaidh dheacáid dhigiteach na hEorpa. Is nithe iad an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach nach mór dóibh a bheith fite fuaite in iomaíochas an Aontais, agus dá réir sin, chuireamar i láthair straitéis thionsclaíoch nua chun an margadh aonair a threisiú, chun tacú le gnólachtaí beaga agus chun faobhar a chur ar bhuntáiste iomaíoch an Aontais.*

*Bhí an obair faoi lán seoil nuair a baineadh croitheadh as an domhan mór i ngeall ar víreas a d'fhág na céadta míle teaghlach faoi bhrón. Léirigh sé dúinn a bhfuil de leochaileacht mórthimpeall orainn, cuireadh pobail faoi dhianghlasáil agus tháinig meath ar an ngeilleagar dá dheasca. Mar fhreagairt air sin, rinneamar beart práinneach diongbháilte - bhaineamar leas as an tsolúbthacht atá sna rialacha fioscacha agus sna rialacha maidir le Státchabhair againn, bhunaíomar ionstraim SURE, agus gach uile euro a bhí le fáil chuireamar é i gcistí an Aontais chun saol agus slí daoine a chosaint. Thugamar breis agus 600,000 saoránach den Aontas Eorpach abhaile - saoránaigh a bhí sáinnithe ar an gcoigríoch - agus rinneamar breis agus 790 beart chun an ghéarchéim shláinte agus eacnamaíoch a bhainistiú - idir thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí agus d'iascairí agus lánaí glasa a oscailt.*

*Is é an mana a bhí againn ón gcéad lá riamh* **gur aon dúshlán amháin do mhuintir na hEorpa ar fad atá sa ghéarchéim sin agus gur i dteannta a chéile is fearr a thiocfaimid slán***. Sin an chúis ar mhol an Coimisiún NextGenerationEU agus buiséad fadtéarmach athchóirithe - togra stairiúil a bhí ann agus is é an pacáiste spreagthaí is uaillmhianaí i stair an Aontais é. Spreagfar an geilleagar dá réir agus is cinnte go mbeidh aird á díriú ar chúrsaí infheistíochta agus ar athchóirithe chomh maith. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhreachtóirí as a míle dícheall a dhéanamh chun teacht ar chomhaontú ionas go bhféadfaí leas na saoránach a dhéanamh a luaithe ab fhéidir.*

**Is iomaí rud atá athraithe mórthimpeall orainn, ach más ea, ní mar sin dár n-uaillmhianta é***. Go deimhin, tá dlús cheana faoi na hathruithe ar cuireadh tús leo, agus is mó arís an díocas atá ann go mbeidh an Eoraip ina ceann feadhna ar an gclaochlú sin. Ní bhíonn deis mar seo ann ach uair*

*amháin i saol an duine. Is againn atá an fhís, is againn atá an plean, is againn atá an toil. Agus a bhuí le NextGenerationEU is againn atá an infheistíocht anois chomh maith. Sa bhliain atá romhainn, oibreoimid go díograiseach leis na Ballstáit chun pleananna téarnaimh a ullmhú agus a chur chun feidhme. Mar thoradh air sin, déanfaimid cinnte de, ní hamháin, go dtiocfaidh an Eoraip chuici féin go fóill ach gurb í a mhúnlóidh geilleagar na chéad ghlúine eile freisin.*

**Leanúint de bhainistiú na paindéime ar bhealach comhordaithe** - *sin an chaoi, ar ndóigh, a gcuirfear tús le hobair na bliana atá romhainn. Ós ag dul i líon atá na cásanna arís, is tábhachtaí sin ná riamh. Tá íobairtí déanta ag muintir na hEorpa chun iad féin a chosaint agus ní mór dúinn an dul chun cinn atá déanta againn a chosaint freisin. Ar an dul céanna, níl an téarnamh eacnamaíoch ach ina thús agus ní fios cad é atá i ndán, agus ní mór dúinn leanúint orainn agus gach dá bhfuil bainte amach againn a chosaint. Ní tráth é seo chun deireadh a chur leis an tacaíocht a thugaimid don gheilleagar, agus beidh orainn cothromaíocht a bhaint amach, in imeacht na bliana, idir tacaíocht airgeadais a chur ar fáil agus an inbhuanaitheacht fhioscach a chinntiú.*

*Le linn dúinn cor an lae inniu a bhainistiú, tosóimid ar Aontas an lae amárach a thógáil agus tá tionscnaimh mhóra ar na bacáin againn chuige sin sna sé uaillmhian uile againn. Is léiriú iad na tionscnaimh sin ar an ngá atá ann ceachtanna a fhoghlaim ón ngéarchéim agus le gan ligean do luas an athraithe sinn a scoitheadh chun sochaí atá níos cothroime, níos sláintiúla, níos glaise agus níos digití a mhúnlú. A bheith ag cur le hiomaíochas an Aontais agus a chinntiú go bhfuil níos mó teacht aniar sa gheilleagar agus sna tionscail - sin is aidhm dár gcuid oibre. Agus ról níos tábhachtaí ná riamh ag an gCoimisiún, cinnteoidh sé go ndéanfaidh sé a chion sa saol lag leochaileach seo - is cuma cé acu an Coimisiún a bheith ar thús cadhnaíochta sna iarrachtaí domhanda chun vacsaín shábháilte inrochtana a fháil, comhpháirtíochtaí a bhunú agus an córas iltaobhach, atá bunaithe ar rialacha, a threisiú. Beimid oscailte nuair is féidir ach beimid níos ceannasaí nuair is gá.*

*Tá liosta thíos de roinnt de na tionscnaimh mhóra is rún leis an gCoimisiún a mholadh sa bhliain amach romhainn - is léiriú iad na tionscnaimh sin chomh maith ar an ionchur a fuarthas ón bParlaimint agus ón gComhairle. Ní liosta cuimsitheach é agus foilseofar clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021 i mí Dheireadh Fómhair ina dhiaidh, agus is fada liom go mbeimid ag obair le chéile ar an gclár sin.*

*Mar aon leis na tionscnaimh a liostaítear thíos, leanfaidh an Coimisiún air ag cur chlár oibre 2020 i bhfeidhm agus tá roinnt tionscnaimh mhóra ann atá fós le glacadh roimh dheireadh na bliana. Ar na tionscnaimh sin tá Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, an chéad tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta, agus An Plean um Sprioc Aeráide 2030 - tionscnaimh atá le glacadh sna laethanta agus sna seachtainí beaga atá romhainn.*

*Is leis an litir seo freisin atá tús á chur leis an idirphlé idirinstitiúideach maidir le tosaíochtaí na bliana seo chugainn, agus is fada liom go mbeimid ag obair i gcomhar le chéile san idirphlé sin. Tá an Coimisiún meáite ar an idirphlé idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a threisiú.*

**Seo í uain na hEorpa leis an mbealach a thaispeáint amach as an saol lag leochaileach atá ann i dtreo saol eile a mbeidh beocht agus beatha ann.**

***Ursula von der Leyen*** ***Maroš Šefčovič***

# TIONSCNAIMH THÁBHACHTACHA NUA LE HAGHAIDH 2021

## *Comhaontú Glas don Eoraip*

- *Togra reachtach maidir le hathbhreithniú ar scéim an Aontais i ndáil le trádáil astaíochtaí (EU ETS)*
- *Togra reachtach maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha*

*An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (An Aeráid agus fuinneamh)*

- *Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill*
- *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh*
- *Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le hAstaíochtaí agus Aistrithe Gás Ceaptha Teasa ó Úsáid na Talún, Athrú ar Úsáid na Talún agus Foraoiseacht*
- *Togra reachtach chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí meatáin san earnáil fuinnimh, athbhreithniú ar an gcreat rialála le haghaidh margaí iomaíocha gáis dhícharbónaithe agus athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*
- *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair agus ar an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a chur in úsáid*
- *Athbhreithniú ar an Rialachán lena leagtar amach caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh carranna agus feithiclí tráchtála éadroma agus togra reachtach maidir le caighdeáin astaíochtaí iar-Euro6/VI a fhorbairt le haghaidh carranna, veaineanna, leoraithe agus busanna*
- *Togra reachtach maidir le tionscnamh um beartas táirgí inbhuanaithe*

## *Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach*

- *Teachtaireacht maidir le Deacáid Dhigiteach na hEorpa: Spriocanna Digiteacha 2030*
- *Togra reachtach maidir le Gníomh Sonraí*
- *Togra reachtach maidir le tobhach digiteach*
- *Togra reachtach maidir le ríomhaitheantas Eorpach iontaofa slán*
- *Tionscnamh maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre na n-oibrithe ardáin*
- *Teachtaireacht maidir le Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip a thabhairt cothrom le dáta*
- *Athbhreithniú ar an mbeartas iomaíochta*
- *Togra reachtach maidir le cothrom na Féinne a bhaint amach i gcás fóirdheontais eachtracha*
- *Plean gníomhaíochta maidir le sineirge idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus an tionscal spáis*

## *Geilleagar a fhóireann do dhaoine*

- *Togra reachtach maidir le creat um chosaint agus éascú infheistíochta*
- *Athbhreithniú ar na rialacha stuamachta le haghaidh cuideachtaí árachais agus athárachais (Sócmhainneacht II)*
- *Athbhreithniú ar na Margaí sa Treoir agus sa Rialachán maidir le hIonstraimí Airgeadais*
- *Togra reachtach maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe*
- *Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais a bhunú*
- *Togra maidir le pacáiste um fhrithsciúradh airgid*
- *Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, Ráthaíocht i dtaobh Leanaí, Straitéis Nua um Shábháilteacht Ceirde agus Sláinte, Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Sóisialta*
- *Ionsar chreat dlí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe a bheidh ann amach anseo lena ndeonaítear buntáistí trádála ar thíortha i mbéal forbartha*
- *Ionstraim chun bearta comhéigneacha ag tríú tíortha a dhíspreagadh agus gníomhú in aghaidh na mbeart sin*

## *Eoraip níos láidre sa domhan mór*

- *Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le rannchuidiú an Aontais a threisiú i dtaca leis an iltaobhachas atá bunaithe ar rialacha*
- *Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le beartas dhiminsean an Artaigh agus an Tuaiscirt*
- *Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le comhpháirtíocht athnuaite leis an gComharsanacht theas*
- *Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le cur chuige straitéiseach chun tacú le hiarchomhraiceoirí a dhí-armáil, a dhíshlógadh agus a athimeascadh*

## *Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn*

- *Togra reachtach maidir le Gníomhaireacht Eorpach nua um Thaighde Bithleighis agus Fhorbairt a bhunú*
- *Togra reachtach maidir le síneadh a chur le sainordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí*
- *Togra reachtach maidir le síneadh a chur le sainordú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú*
- *Togra reachtach maidir le spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte*
- *Tionscnaimh leantacha faoin gComhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*
- *Straitéis maidir le todhchaí Schengen*
- *Teachtaireachtaí maidir le clár an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe agus maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht*

## *Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa*

- *Straitéis maidir le cearta an linbh*
- *Togra reachtach chun cineálacha sonracha foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac*
- *Tograí chun liosta na gcoireanna san Aontas a leathnú chun gach cineál fuathchoireachta agus fuathchainte a chumhdach*
- *Togra reachtach maidir le comhar trasteorann breithiúnach a dhigitiú*
- *Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Reacht agus Cistiú na bPáirtithe Polaitiúla Eorpacha agus na bhFondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha*
- *Teachtaireacht maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh ceantair thuaithe*

**STAID AN AONTAIS 2020**

# Coimisiún von der Leyen: Bliain tar éis a cheaptha

# AN MÉID ATÁ CURTHA I gCRÍCH

# CÚRSA NUA DON EORAIP

Bliain ó shin, thug Coimisiún von der Leyen gealltanas don Eoraip: gheallamar beart a bheadh misniúil dána ach a mbeadh gá le beart ar leibhéal na hEorpa. I dtús na tréimhse oifige, chuir an Coimisiún an tAontas Eorpach ag seoladh leis **go huaillmhianach ar bhealach nua.**

Chuireamar an **Comhaontú Glas don Eoraip** i láthair agus leagadh bunchloch a chuir an tAontas i dtreo neodracht aeráide. Scríobhamar pacáiste a d'fhágfadh an Eoraip ina ceannaire domhanda sa **nuálaíocht dhigiteach.** Chuireamar **straitéis tionsclaíochta** i láthair, straitéis le bealach nua chun cinn a shainiú don Eoraip in aimsir an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. An comhthéacs geopholaitiúil atá ann is tapa a bhíonn sé ag athrú, agus is mithid don Eoraip an geilleagar a aistriú go glas agus go digiteach i gcomhair na todhchaí, sin agus a chuid iomaíochais a neartú ar aonach an domhain mhóir. Leagamar amach an treochlár is uaillmhianaí agus is féidir i dtreo na spriocanna sin.

Is ansin a tháinig **paindéim an choróinvíris** – tragóid don duine, an dianghlasáil, agus suaitheadh mór eacnamaíochta. Theastaigh freagairt fíor-Eorpach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, agus chuige sin rinneamar an slógadh comhchoiteann ba mhó riamh i stair an Aontais. I dtús báire d'oibrigh an Coimisiún chun **freagairt Eorpach chomhbheartaithe chomhordaithe** ar an éigeandáil a eagrú – chun trealamh cosanta a sholáthar agus a dháileadh, chun Eorpaigh sháinnithe a thabhairt ar ais ar an dúchas, chun dáileadh vacsaíne a chinntiú ach a dtiocfadh sí. Is i dtír aineoil a bhí an tAontas ar aistear: d'fhreagraíomar go misniúil nuair ba ghá le gníomhaíocht ón Aontas ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht ár saoránach.

B'éigean beart a dhéanamh go luath ansin agus tús a chur le téarnamh na heacnamaíochta. **NextGenerationEU** is ainm don phlean a mhol an Coimisiún, plean a d'fhaomh an Chomhairle Eorpach agus a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na mBallstát ar fad – fód nua á threabhadh i stair an Aontais. Is é sméar mullaigh ar an **mbuiséad AE fadtéarmach** is cumhachtaí dar ceapadh riamh, agus idir an dá rud tá armlón luach EUR 1.8 trilliún iontu.

**Rinneamar athruithe de réir na gcúinsí drámata gan choinne, agus san am céanna chloíomar leis na prionsabail agus na huaillmhianta a leagadh amach inár dtreoirlínte polaitiúla bliain ó shin.**

Rinneamar athruithe de réir na gcúinsí drámata gan choinne, agus san am céanna chloíomar leis na prionsabail agus na huaillmhianta a leagadh amach inár **dtreoirlínte polaitiúla** bliain ó shin. Faoin am seo, is neasa fós do chroí an chláir dhá sprioc an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus tá acmhainní nua ann chun an t-aistriú a bhrú chun cinn. Ní hé deisiú an dochair a rinneadh don eacnamaíocht an t-aon rud atáimid a dhéanamh; tá saol níos fearr á thógáil againn don **chéad ghlúin eile**.



Ba ghaisciúil i mbun a ndualgais iad na hoibrithe tús líne, thug saoránaigh suas cuid dá saoirse, agus rinneadh bearta nach bhfacthas a leithéid riamh chun srian a chur le leathadh an víris.



# 1. An chéad 100 lá


Ó thús Choimisiún von der Leyen go ceann 100 lá, leagadh amach tacar spriocanna uathúil le dul dúshláin mhóra na linne a thabhairt. Ón 1 Nollaig 2019 i leith, comhaontaíodh 64 thogra i bpáirt leis na hinstitiúidí AE eile. Ina measc sin tá ábhar tógála le haghaidh **straitéis nua fáis i gcomhair na hEorpa**, agus is straitéis trí cholún atá ann: an Comhaontú Glas don Eoraip, Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach, agus geilleagar a fhóireann do dhaoine.

## AN t-AISTRIÚ GLAS AGUS AN t-AISTRIÚ DIGITEACH A THREORÚ

Tar éis 11 lá den tréimhse oifige, chuir Coimisiún von der Leyen **an Comhaontú Glas don Eoraip** i láthair. De thairbhe an tionscnaimh sin, tá an tAontas i mbun aistriú mór de chineál nár pleanáladh riamh ó thús na staire, aistriú ina leagtar amach treoir a fhágfaidh gurb í an Eoraip **an chéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050**, aistriú a mheallfaidh tuilleadh fáis, aistriú a chruthóidh breis post ar ardchaighdeán, aistriú a fheabhsóidh folláine na ndaoine. An t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, is baol go gcuirfidh siad deireadh leis an saol san Eoraip agus sa domhan mór. Leis na dúshláin seo a shárú, teastaíonn straitéis nua fáis ón Eoraip, straitéis a thiontóidh an tAontas ina **eacnamaíocht nua-aoiseach iomaíoch éifeachtach ó thaobh ídiú acmhainní de** a bheidh ag obair ar son na ndaoine,

## Straitéis nua fáis, straitéis trí cholún

Tá dúshláin na linne seo – an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach – níos práinne anois ná mar a bhí siad sular thosaigh an ghéarchéim. Anois an uair chun an t-aistriú glas a dhéanamh. Beidh an **Comhaontú Glas don Eoraip** ina threoir ag an rabharta infheistíochta atá ar tí a sheolta. Ar an gcaoi chéanna, chruthaigh an coróinvíreas agus an dianghlasáil ina dhiaidh sin go bhfuil sé ríthábhachtach do dhaoine agus do lucht gnó rochtain a bheith acu ar **réitigh dhigiteacha,** agus gur féidir neamhionannas nua nuair nach mbíonn an rochtain sin acu.





An 14 Eanáir, d'fhógair an Coimisiún **plean infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**, le slógadh a chur ar airgead príobháideach i gcomhair an aistrithe ghlais. Rud eile atá sa phlean infheistíochta is ea an **Sásra um Aistriú Cóir** a chinnteoidh dul chun cinn ar bhealach rathúil ionchuimsitheach. An t-aistriú i dtreo na neodrachta aeráide, is rud é a mbeidh idir dheis agus dúshlán ag roinnt leis sna réigiúin agus sna hearnálacha éagsúla. Bainfear tairbhe as ar an bpointe i roinnt cásanna, agus bainfidh sé tamall níos faide i gcásanna eile.

Chun dáileadh níos cothroime deiseanna a chinntiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **EUR 100 billiún ar a laghad a shlógadh tríd an Sásra um Aistriú Cóir** chun cuidiú leis **na réigiúin, leis na tionscail agus leis na hoibreoirí** is mó a mbeidh dúshláin an aistrithe ghlais rompu. Ní éireoidh linn ach amháin má chuirtear ar chumas na saoránach agus na bpobal a bheith ina ngníomhairí de chuid an aistrithe.

**Ní éireoidh linn ach amháin má chuirtear ar chumas na saoránach agus na bpobal a bheith ina ngníomhairí de chuid an aistrithe.**

An 4 Márta, mhol Coimisiún von der Leyen **dlí Eorpach i leith na haeráide** le gealltanais pholaitiúla a thiontú ina n-oibleagáidí dlíthiúla. Thugamar gealltanas dlíthiúil go mbeadh an Eoraip neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus leagamar síos sásra chun go ndéanfadh gach Ballstát an dul chun cinn cuí chuige sin.

An lá céanna, sheolamar comhairliúchán poiblí maidir leis an **gcomhshocrú aeráide a bheidh ann sa todhchaí** do na réigiúin, do na pobail áitiúla, don tsochaí shibhialta, don earnáil tionsclaíochta agus do na scoileanna. I dteannta a chéile is ea a cheapfaidh siad liosta gealltanas, liosta a mbeidh siad an-tiomanta dó, ionas gur féidir malairt nósanna a thabhairt isteach ó nósanna an duine aonair go nósanna na gcuideachtaí ilnáisiúnta is mó.

An 11 Márta, ghlac an Coimisiún Eorpach **plean gníomhaíochta nua don gheilleagar ciorclach**, d'fhonn a chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar in oiriúint don todhchaí ghlas, chun ár gcumas iomaíochta a neartú, agus san am céanna, an comhshaol a chosaint agus cearta nua a thabhairt do thomhaltóirí.

Is é dara colún atá sa straitéis nua fáis atá againn an dréim nua le ceannaire domhanda sa nuálaíocht dhigiteach a dhéanamh den Eoraip. An 81ú lá, d'fhógair an Coimisiún clár oibre le **todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú**, rud a thabharfaidh deiseanna nua do ghnólachtaí chomh maith le teicneolaíocht iontaofa don saoránach. Tagann idir chibearshlándáil agus oideachas digiteach faoi scáth an dara colún, an tsár-ríomhaireacht agus an t-iomaíochas domhanda, maille le dhá straitéis shainiúla um **shonraí agus intleacht shaorga**.

Leag an Coimisiún agus na Ballstáit cur chuige coiteann amach chun **cur in úsáid agus slándáil líonraí 5G san Aontas Eorpach** a chinntiú, rud a leathnaíonn amach an nascacht agus a chruthaíonn poist agus deiseanna. De réir na meastachán[1], d'fhéadfadh an intleacht shaorga agus an róbataic iad féin beagnach 60 milliún post nua a chruthú ar fud an domhain go ceann 5 bliana.

D'fhéadfadh teicneolaíochtaí mar an intleacht shaorga, líonraí 5G, sár-ríomhairí agus ríomhairí candamacha ár ndóigh bheatha a athrú as éadan, agus **deiseanna nua iontacha** a chruthú do na tionscail Eorpacha uile (ar nós intleacht shaorga chun cúnamh a thabhairt airíonna míochaine a anailísiú), líon na ndeiseanna poist a mhéadú agus borradh a chur faoi iomaíochas domhanda na hEorpa.

Chuireamar straitéis bhithéagsúlachta nua chuimsitheach i láthair an 20 Bealtaine chun an dúlra a thabhairt ar ais inár saol mar aon le straitéis ón bhfeirm go dtí an forc chun córas bia cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint amach. Tá an dá straitéis ag treisiú a chéile, agus ag tabhairt le chéile an dúlra, feirmeoirí, gnólachtaí agus tomhaltóirí agus iad ag obair chun todhchaí inbhuanaithe iomaíoch a bhaint amach.

1 http://reports.weforum.org/future-of-jobs-2018



D'fhéadfadh teicneolaíochtaí amhail an intleacht shaorga, líonraí 5G, sár-ríomhairí agus ríomhairí candamacha ár ndóigh bheatha Eorpach a athrú as éadan, agus deiseanna nua agus iontacha a chruthú do na tionscail Eorpacha uile, líon na ndeiseanna poist a mhéadú, agus borradh a chur faoi iomaíochas domhanda na hEorpa.

Is cuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú san Eoraip a tháirgeann tuairim agus an ceathrú cuid de na róbatanna seirbhíse. **Le cur chuige Eorpach maidir leis an gclaochlú digiteach** neartaítear ár mbonn daonlathach, urramaítear cearta bunúsacha agus cuirtear leis an sprioc geilleagar inbhuanaithe aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní a bhaint amach. Ní féidir le saoránaigh a bheith muiníneach agus cumhachtaithe ach amháin i dtimpeallacht iontaofa inarb eol dóibh go n-urraítear a gceart chun príobháideachta.

Tig le tionsclaíocht na hEorpa an bealach a thaispeáint chun aistrithe i dtreo neodracht aeráide agus ceannaireacht dhigiteach. An 101ú lá, chuir Coimisiún von der Leyen **straitéis nua tionsclaíochta** i láthair, chun cur ar chumas na ngnólachtaí Eorpacha a n-uaillmhianta a bhaint amach, agus, san am céanna a n-iomaíochas domhanda a neartú.

**20 %**
An sciar de gheilleagar iomlán an Aontais Eorpaigh atá comhdhéanta de thionscail Eorpacha

**35**
mhilliún post san earnáil tionsclaíochta

**99 %**
An sciar de na gnólachtaí Eorpacha uile ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad

**80 %**
An sciar de na gnólachtaí beaga uile ar onnmhaireoirí iad a dhíolann le Ballstáit eile

**Ní fhágfar aon duine ar an trá fholamh, idir fhir agus mhná, idir oirthearaigh agus iartharaigh, idir thuaisceartaigh agus dheisceartaigh, idir óg agus aosta.**

**Chuirfeadh margadh aonair dea-fheidhmiúil níos comhtháite** deiseanna ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha agus ghinfeadh sé fás dar luach idir EUR 183 bhilliún agus EUR 269 mbilliún breise go bliantúil le haghaidh monaraíochta agus EUR 338 mbilliún go bliantúil le haghaidh seirbhísí. Is ionann sin agus méadú thart ar 12 % ar olltáirgeacht intíre an Aontais. Tá ag éirí thar barr leis an margadh aonair atá ag leanúint de rathúnas agus deiseanna a chruthú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais araon.

**Is é dúshraith atá faoi gheilleagar na hEorpa** an cumas chun an margadh a chur in oiriúint don ghné shóisialta, an fás a chur in oiriúint don cheart agus don chóir, agus gnásbhriseadh na nuálaíochta a chur in oiriúint do luachanna seanbhunaithe. Lá 45, sheol an Coimisiún an chéad chéim de chomhairliúchán le páirtithe sóisialta – gnólachtaí agus ceardchumainn – faoin tsaincheist maidir le **híosphá cothrom le haghaidh oibrithe** san Aontas – céim chun tosaigh a chuideoidh leis an Eoraip a bheith láidir sóisialta ar mhaithe leis an aistriú cóir. Ní fhágfar aon duine ar an trá fholamh, idir fhir agus mhná, idir oirthearaigh agus iartharaigh, idir thuaisceartaigh agus dheisceartaigh, idir óg agus aosta.



©Wikipedia

## I dTREO COIMISIÚN GEOPHOLAITIÚIL



Tá bua ag an Aontas Eorpach i gcúrsaí domhanda nach bhfuil a leithéid eile ann, thar an neart atá ann ó thaobh na heacnamaíochta agus an airgeadais de: is "**cumhacht chun tionóil**" gan samhail sinn. Táimid i gceartlár líonra domhanda comhghuaillíochtaí; is crann daingean sinn sa **chóras iltaobhach**. Tig linn tacaíocht a ghairm go forleathan ó chomhpháirtithe ar son cúis choiteann; agus is eol dúinn conas cumhachtaí réigiúnacha agus náisiúin atá i gcoimhlint le chéile a chur timpeall ar aon bhord amháin.

Cumhacht seo an tionóil, is cumhacht í a chuireamar ag obair ar son ár gcairde nuair a bhí siad i lúba an ghátair, agus ar son leas coiteann an tsaoil – le linn na chéad 100 lá ó thús ár dtréimhse oifige agus ina dhiaidh sin fós. Nuair a bhí **an Albáin** ina cíor thuathail de dheasca crith talún, chuireamar an comhphobal idirnáisiúnta ar fad in aon slógadh le chéile le ciste a líonadh i gcomhair na héigeandála agus na hatógála. Tíortha nach béas leo labhairt le chéile, sheas siad gualainn le gualainn ar son cúis choiteann.

**I dtús aimsir na paindéime, ba ríléir gá le freagairt dhomhanda chomhordaithe, agus chuardaigh Coimisiún von der Leyen bealaí nua le cumhacht tionóil na hEorpa a chur chun feidhme.**

D'oibríomar go dlúth le hinstitiúidí iltaobhacha, le rialtais náisiúnta, agus le heagrais neamhrialtais le hacmhainní a thiomsú i gcomhair aimsiú leighis agus vacsaíne. Is i bpáirt le comhar idirnáisiúnta ilghnéitheach mar sin a sheolamar an **Rochtain luath ar uirlisí COVID-19 (ACT)**, ardán comhair domhanda le deifir a chur leis an taighde, an fhorbairt, le dáileadh cothrom na gcógas leighis, agus dáileadh cothrom na vacsaíne i ndeireadh na dála. D'oibríomar lámh ar láimh ní hamháin leis **an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte** agus le náisiúin éagsúla na cruinne, ach le lucht sláinte an domhain mhóir e.g. **GAVI, Comhghuaillíocht na Vacsainí** agus **CEPI**, agus le heagrais ón tsochaí shibhialta, "Global Citizen" mar shampla. Is scéal fada ar an dlúthpháirtíocht dhomhanda a bhí ann, agus is ábhar bróid dúinn sinn a bheith i gceann feadhnachta i ndéanamh na hoibre.

Le linn na hoibre sin, is sinne a chinntigh go mbeidh cóir leighis agus vacsaín ar fáil gan aon róchostas **i dtíortha inarb íseal ioncam na ndaoine** nó ní fhéadfaidís díol astu nuair a bheidh siad ar fáil. Sin é an meon a thug orainn dul i bpáirt sa tSaoráid COVAX, saoráid darb aidhm rochtain chóir agus rochtain chothrom ar vacsaín a ghealladh i ngach tír ar domhan. Má thugaimid aire do dhaoine eile, beidh an Eoraip láidir chomh maith.

Ón tús, tá cosaint déanta ag Coimisiún von der Leyen ar leasanna agus ar luachanna Eorpacha ar an leibhéal idirnáisiúnta – ag obair chun an gníomhú ar son na haeráide a neartú agus díospóidí trádála a réiteach, chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna inár gcomharsanacht agus chun an córas iltaobhach a athchóiriú.

Roghnaigh an tUachtarán von der Leyen an Afraic agus ceanncheathrú an Aontais Afracaigh in Addis Ababa mar cheann scríbe a céad chuairt eachtrach. Lá 100, chuireamar i láthair **"straitéis nua leis an Afraic"** chun ár gcomhpháirtíocht a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Tá molta sa straitéis go ndéanfar comhar a neartú i leith na réimsí a leanas; an fás inbhuanaithe agus poist; an t-aistriú glas; an claochlú digiteach; an tsíocháin, an tslándáil agus an rialachas; an imirce agus an tsoghluaisteacht.

Lá 67, ghlac an Coimisiún **modheolaíocht nua i dtaca le caibidlíocht aontachais an Aontais**, ionas go mbeidh an chaibidlíocht níos iontaofa, níos intuartha, níos dinimiciúla agus faoi réir stiúradh polaitiúil níos láidre. Leis sin, bhí an bealach réitithe ag an gComhairle Eorpach chun tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis **an Albáin** agus



leis an **Macadóin Thuaidh**, ar cuireadh a gcreataí caibidlíochta dréachtaithe faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin cheana. Sheas an Coimisiún Eorpach fós an mhuintearais lena gcairde sna **Balcáin Thiar** le linn ghéarchéim an choróinvíris, agus chuir sé tacaíocht ar fáil láithreach bonn, tacaíocht fhadtéarmach freisin. Rud eile, ceadaíodh dóibh a bheith páirteach i dtograí éagsúla nach mbeadh páirteach iontu de ghnáth ach na Ballstáit féin.

I bpáirt le ceannairí ár sé **chomhpháirtí san Oirthear** thángamar ar chomhaontú maidir le sraith nua tosaíochtaí chun an dara 10 mbliana de Chomhpháirtíocht an Oirthir a mhúnlú. Leis an gclár oibre sin, féadfar cur le hathléimneacht mhór-roinn iomlán na hEorpa in aghaidh turraingí de gach cineál, idir ghéarchéimeanna eacnamaíochta agus athrú aeráide.

Ní coincheap aontaobhach é coincheap an domhandaithe. Tá an tAontas Eorpach ag tacú le hathchóiriú ó bhonn ar an **Eagraíocht Dhomhanda Trádála**, go díreach chun cur ar chumas an Aontais leanúint ar aghaidh de thairbhe a bhaint as deiseanna i leith na hoscailteachta agus an chomhtháthaithe domhanda, agus aghaidh á tabhairt ar leochaileacht ár gcóras eacnamaíochta agus polaitiúil ag an am céanna.

Teastaíonn uainn teacht ar chomhaontú a réiteodh **córas réitithe díospóidí na hEagraíochta**. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an córas ag feidhmiú faoi láthair, tá socraithe ag an gCoimisiún a rialacha forfheidhmithe trádála a neartú: i gcás díospóid trádála, táimid réidh chun frithbhearta a úsáid lena gcosnófar leasanna Eorpacha i gcomhréir go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta.

## SAORÁNAIGH AN AONTAIS EORPAIGH A CHOSAINT

Fós laistigh dá chéad 100 lá, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair **straitéis um chomhionannas idir na mná agus na fir** san Eoraip, go sonrach chun dul i ngleic leis an bhforéigean inscne agus leis na steiréitíopaí atá fós ann. Leagtar amach sa straitéis sin gníomhartha tábhachtacha le haghaidh na tréimhse 2020-2025 agus gealltar inti a chinntiú go gcuirfear peirspictíocht chomhionann san áireamh i ngach réimse beartais de chuid an Aontais.

Chun saoránaigh an Aontais a chosaint ní mór **a sláinte a chosaint**. Sular bhuail an phaindéim an Eoraip, agus faoi mar a fógraíodh sna treoirlínte polaitiúla, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí ar fud na hEorpa maidir le **plean na hEorpa chun an ailse a chomhrac** ar an 4 Feabhra. Gach uile bhliain, déantar diagnóis ailse ar 3.5 milliún duine san Aontas Eorpach. Cailltear 1.3 milliún leis an tinneas, ach de réir na fianaise d'fhéadfaí 40 % de na cásanna ailse a sheachaint.

Aistríodh an fócas go mór sna seachtainí ina dhiaidh sin nuair a scaip an víreas san Eoraip agus tugadh paindéim ar an scaipeadh sin. Tháinig athrú ar an sainordú inar éilíodh go mbeadh ceannaireacht ann chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim sláinte poiblí, agus roimh i bhfad ar ghéarchéim eacnamaíoch.




Leanfaidh an Eoraip ar aghaidh ina comhpháirtí iontaofa ceannródaíoch maidir leis an bhforbairt dhaonnúil. Lenár **gcur chuige "Team Europe"** – cur chuige lena gcuirtear le chéile acmhainní ón gCoimisiún Eorpach, ó na Ballstáit agus ó institiúidí airgeadais an Aontais – tá torthaí uaidh cheana féin ar fiú **EUR 36 bhilliún** iad chun aghaidh a thabhairt ar an bpráinnfhreagairt éigeandála agus ar na riachtanais dhaonna de dhroim na héigeandála, córais sláinte, córais uisce/sláintíochta agus chothaitheacha a neartú agus tionchair eacnamaíocha agus shóisialta phaindéim an choróinvíris ar fud an domhain a laghdú.

# 2. Géarchéim an choróinvíris, agus freagairt na hEorpa di - dhá ní gan samhail



Bhain **paindéim an choróinvíris** stangadh uafásach as an Eoraip agus as an domhan mór. Ar dtús, bhí cásanna den víreas thall is abhus, ach ba ghearr go raibh éigeandáil ann agus tionchar aici ar gach tír, gach réigiún agus gach duine. Ó thús na bliana, cailleadh beagnach 150 000 duine san Aontas de dheasca COVID-19; bhásaigh lear mór daoine eile in áiteanna eile ar fud an domhain.


Cé ea áfach, sábháladh na céadta míle ón mbás. Murach gur ghníomhaigh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit go scafánta diongbháilte chun **saol agus slite beatha mhuintir an Aontais** a chosaint, ba mhó ar fad an tragóid a bheadh ann. Ba ghaisciúil i mbun a ndualgais iad na hoibrithe tús líne, thug saoránaigh suas cuid dá saoirse, agus rinneadh bearta nach bhfacthas a leithéid riamh chun srian a chur le leathadh an víris.

**Is í an Eoraip anois croílár na dlúthpháirtíochta ar domhan.**

Is í an Eoraip croílár na dlúthpháirtíochta domhanda feasta. Thug ospidéil fáilte agus cúram d'othair thar teorainn isteach; chuaigh Ballstáit i gcomhar le chéile chun trealamh leighis a cheannach; cuireadh foirne soghluaiste leighis chun bóthair le freagairt do na riachtanais ba ghéire; rinneadh aisdúichiú ar níos mó ná 600 000 saoránach den Aontas a bhí sáinnithe taobh thall de theorainneacha an Aontais; slógadh idir infheistíocht phoiblí agus infheistíocht phríobháideach, ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta, ar mhaithe le teacht ar vacsaín do mhuintir an domhain ar fad. Chonacthas an chuid is deise de **dhlúthpháirtíocht na hEorpa** le linn na géarchéime seo.

**Le formhór mór na mbeart sláinte poiblí, na mbeart soghluaisteachta, na mbeart turasóireachta agus na mbeart eacnamaíocha, beartaíodh aghaidh a thabhairt go díreach ar an ngéarchéim sláinte poiblí a bhí ann.**

Rinne an Coimisiún gach uile mhíle ní ab fhéidir ar mhaithe leis an bpaindéim agus a drochiarmhairtí eacnamaíocha a chomhrac: **Glacadh 828 beart** ó Mhárta i leith, ina measc sin 373 chinneadh maidir le Státchabhair chun deis a dtarrthála a thabhairt do ghnólachtaí Eorpacha. Le formhór mór na mbeart sláinte poiblí, na mbeart soghluaisteachta, na mbeart turasóireachta agus na mbeart eacnamaíocha, beartaíodh aghaidh a thabhairt go díreach ar an ngéarchéim sláinte poiblí a bhí ann. Idir an dá linn, tá an Coimisiún ag obair chun ár ngeilleagair, ár sochaithe agus ár nAontas a dhéanamh níos athléimní maidir le dúshláin an lae amárach.




## GÉARCHÉIM SHLÁINTE DHOMHANDA A CHOMHRAC

Ba í an chloch ba mhó ar ár bpaidrín daoine a shábháil ón mbás. Thugamar cabhair dhaonnúil a raibh géarghá léi tríd an **iliomad droichead daonnúil** a d'eagraigh an Coimisiún ar an aer. Thugamar na Ballstáit le chéile chun trealamh leighis a cheannach ar bhonn comhpháirteach. Bunaíodh stoc-chairn straitéiseacha rescEU agus moil dáileacháin lena n-aghaidh, rudaí a beartaíodh le feidhmiú mar thaisce choiteann Eorpach de threalamh leighis ríthábhachtach. Tríd an **Lárionad Eorpach um Chomhordú Práinnfhreagartha**, tugadh trealamh ar nós aerálaithe tarrthála, maisc agus dífhabhtuithe do na Ballstáit ba mhó a raibh gá acu leo.

Ina theannta sin, cuireadh ar bun an **Ionstraim Tacaíochta Éigeandála** faoinar ceannaíodh 10 milliún masc chun oibrithe cúraim sláinte a chosaint, maisc atá go fóill á seachadadh ina mbaisceanna i gcaitheamh an tsamhraidh chuig na tíortha a lorg iad. Chuireamar foirne leighis ó gach cearn den mhór-roinn chuig ospidéil in Milano agus Bergamo san Iodáil. Laghdaíomar praghsanna **allmhairí leighis** trí dhleachtanna custaim a tharscaoileadh. Chabhraíomar le **heolaithe** a gcuid sonraí a bhailiú agus a roinnt. Thugamar acmhainní breise do na **tionscadail taighde** is mó atá i riocht difear a dhéanamh. Trí bhíthin **Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta** agus an **Lárionad Comhordaithe Freagartha Práinne**, shocraíomar agus chomhordaíomar 369 n-eitilt le beagnach 82 000 saoránach AE agus 10 000 saoránach neamh-AE a bhí sáinnithe thar lear a thabhairt ar ais ar an dúchas.

I réimse na **sláinte poiblí**, rinne an tAontas rudaí nach mbeadh de chumas ag aon Bhallstát a dhéanamh as féin. Le treoirlínte maidir le modheolaíochtaí tástála, le saorghluaiseacht gairmithe cúraim sláinte, gléasanna leighis agus trealamh cosanta, agus le haipeanna rianaithe teagmhála dheonaigh, cinntíodh go raibh na dea-chleachtais á gcomhroinnt agus á méadú ó thaobh scála de. Sa "**Treochlár Eorpach Comhpháirteach i dtreo bearta imshrianta an choróinvíris a bhaint**", leagadh amach comhphrionsabail agus bearta dá réir ar mhaithe le teacht amach as an dianghlasáil ar bhealach comhordaithe.

I gcomhréir le **straitéis an Aontais um vacsaíní**, tá an Coimisiún agus Ballstáit áirithe i mbun dianchaibidlíochta le roinnt forbróirí vacsaíní chun punann éagsúlaithe vacsaíní a chur le chéile do shaoránaigh an Aontais, vacsaíní a bheidh ar fáil ar phraghsanna córa. Ina theannta sin, i **dteachtaireacht an Choimisiúin maidir le hullmhacht ghearrthéarmach an Aontais i réimse na sláinte le haghaidh ráigeanna COVID-19** leagtar amach bearta ríthábhachtacha atá le déanamh sna míonna atá amach romhainn.

Chosain an Coimisiún sláine an **mhargaidh aonair**. De bhrí go raibh scuainí fada trucailí ag pointí trasnaithe teorann taobh istigh den Aontas Eorpach, chruthaigh an Coimisiún **córas na "lánaí glasa"** lena chinntiú go bhféadfaí earraí riachtanacha a iompar thar teorainn go mear agus ghníomhaigh sé i gcoinne srianta inmheánacha díréireacha a bhí ag cruthú ganntanais nua.

Le linn an ama, thug an tAontas oiread eolais agus ab fhéidir dá shaoránaigh. D'fhorbair an tAontas uirlis nua ar líne – "**Re-open EU**" – ina dtugtar le chéile eolas maidir le srianta taistil, iompair agus turasóireachta ar fud na mBallstát ar fad. Tá úsáid bainte as 'Re-open EU' ag na deicheanna milliún daoine san Aontas agus i gcéin.

Bhí an tAontas i dtús cadhnaíochta freisin maidir leis an bhfreagairt dhomhanda ar an ngéarchéim. Le linn na paindéime, choinnigh an tUachtarán von der Leyen i dteagmháil leanúnach le ceannairí G20 agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile. I dteannta leis an **Eagraíocht Dhomhanda Sláinte** agus lear mór comhpháirtithe eile, chuireamar ar bun creat comhoibríoch nua – an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 – ar mhaithe le dlús a chur le **forbairt agus úsáid vacsaíní, córacha leighis agus tástálacha**.

A bhuí leis an bhfreagairt dhomhanda ar an gcoróinvíreas, agus an Coimisiún i dtús cadhnaíochta air, tiomsaíodh gealltanais luach EUR 15.9 billiún san iomlán.

A bhuí leis an bhFreagairt Dhomhanda ar an gCoróinvíreas, ina raibh an Coimisiún i dtús cadhnaíochta, tiomsaíodh gealltanais EUR 15.9 billiún san iomlán.

An 4 Bealtaine chuir an Coimisiún Eorpach tús le hiarracht dhomhanda faoinar bailíodh **EUR 9.8 billiún** faoi dheireadh na míosa le haghaidh rochtain uilíoch ar vacsaíniú, cóireáil agus tástáil inacmhainne i leith an choróinvíris, agus tacaíocht do chórais sláinte ar fud an domhain.

Ina dhiaidh sin, an 27 Meitheamh, tháinig ealaíontóirí, eolaithe agus ceannairí domhanda le chéile ar mhaithe le rochtain a chinntiú do chách ar leighis a bhaineann leis an gcoróinvíreas, agus iad i láthair ag ócáid mhór don dlúthpháirtíocht dhomhanda, **“Global Goal: Unite for our Future” [“Aontú ar mhaithe leis an Todhchaí”]**, comhdháil gealltanas agus ceolchoirm faoinar tugadh le chéile ealaíontóirí, eolaithe agus ceannairí domhanda.

Ba chabhair é sin le haghaidh EUR 6.15 billiún eile a shlógadh le haghaidh **rochtain uilíoch ar vacsaín inacmhainne in aghaidh an choróinvíris**, córacha leighis agus tástáil i leith an choróinvíris ar phraghas réasúnta agus chun córais sláinte a neartú agus chun tacú le téarnamh eacnamaíoch tíortha leochaileacha.

Tá cainteanna tugtha i gcrích go nuige seo ag an gCoimisiún Eorpach le cúig ghrúpa cógaisíochta chun dáileoga **vacsaíne a chinntiú do mhuintir na hEorpa** amach anseo.

Inár ngníomhaíocht sheachtrach i gcoinne ghéarchéim an choróinvíris, ghníomhaíomar i gcónaí mar a bheadh **“Foireann na hEorpa”**. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Coimisiún Eorpach, institiúidí airgeadais an Aontais agus Ballstáit an Aontais tagtha le chéile chun sraith spriocanna comhroinnte a bhaint amach de réir mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le freagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19 a cuireadh i láthair go luath i mí Aibreáin. Foireann amháin le haghaidh AE níos láidre i ngnóthaí domhanda.

## AN GEILLEAGAR A DHEISIÚ AGUS ULLMHÚ DON TODHCHAÍ

Iompaíodh an ghéarchéim sláinte poiblí mar a bhí ar dtús ina suaitheadh mór eacnamaíoch. Ionas nach ndéanfar lear mór oibrithe a chur as a bpost, chuir an Coimisiún ionstraim Eorpach dar luach EUR 100 billiún ar bun chun tacú le hobair ghearr-ama – **Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta le linn Éigeandála a mhaolú** (SURE).

Chun an buille a mhaolú a thuilleadh, chuir an Coimisiún i bhfeidhm solúbthacht iomlán rialacha Státchabhrach an Aontais – faoi mar a gealladh ina threoirlínte polaitiúla – trí chlásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú den chéad uair. Na **Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas** (CRII) – ar fiú suas le EUR 54 bhilliún iad – is laistigh d’achar ama an-ghearr a bunaíodh iad chun leachtacht a sholáthar do ghnólachtaí agus don earnáil cúraim sláinte.

**Na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas – ar fiú suas le EUR 54 bhilliún iad – cuireadh ar bun iad laistigh d’achar ama fíorghearr go deo chun leachtacht a sholáthar do ghnólachtaí agus don earnáil cúraim sláinte.**

| €575 bhilliún | €100 billiún | €70 billiún | €3,045 bhilliún | €240 billiún | €200 billiún |
|---|---|---|---|---|---|
| Bearta náisiúnta a rinneadh faoi rialacha buiséadacha AE agus a solúbthacht curtha i bhfeidhm (an clásal ginearálta éalaithe) | SURE - cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh scéimeanna oibre gearr-ama | Tacaíocht dhíreach ón Aontas lena n-áirítear CRII | Bearta leachtachta náisiúnta, lena n-áirítear scéimeanna a formheasadh faoi rialacha Státchabhrach sealadacha solúbtha de chuid an Aontais | An Sásra Cobhsaíochta Eorpach - Tacaíocht do na Ballstáit i ngeall ar ghéarchéim na paindéime | Maoiniú do ghnólachtaí ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta |

**Iomlán: €4.2 trilliún**

Ghníomhaigh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit go daingean chun **tacú le hoibrithe agus le gnólachtaí**. Chuir an Coimisiún tús le clásal éalaithe ginearálta an **Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis** chun an tsolúbthacht is mó is féidir a fhágáil ag na Ballstáit, rud a chuirfidh ar a gcumas tacú le gach duine - lena gcórais cúraim sláinte agus lena bhfoireann agus leis na daoine atá thíos leis mar gheall ar an ngéarchéim. Luach **EUR 4.2 trilliún** an lón arna shlógadh go dtí seo, méid ar fiú níos mó ná 30 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais é.

Toisc a leitheadaí a bhí an ghéarchéim, buailfidh **cúlú eacnamaíoch** geilleagar an Aontais i mbliana, fiú agus freagairt phoiblí déanta go scafánta diongbháilte. D'fhág na bearta ba ghá a dhéanamh chun srian a chur le leathadh an víris gur tháinig meath ar an saol sóisialta agus an saol eacnamaíoch – i gcásanna áirithe, ba ar éigean a bhí beocht ar bith sna réimsí saoil sin. In 2020, meastar go mbeidh crapadh 8.3 % ar eacnamaíocht an Aontais. Ní mar a chéile a bualadh na Ballstáit ar fad, agus is baol más ea go dtarlóidh deighilt idir an eacnamaíocht ó Bhallstát go chéile. San am céanna, beidh tionchar na géarchéime sin le brath ag cách.

Rachaidh an ráta **dífhostaíochta** in airde go dtí 9 % san Aontas in 2020, agus thar aon dream eile is iad na mná, na daoine óga, oibrithe ar bheagán oiliúna agus lucht na hoibre sealadaí a bheidh thíos leis sin. Is dócha go méadóidh ar an mbochtanas, an t-eisiamh sóisialta agus an neamhionannas, rud a fhágfaidh go mbeidh sé fíorthábhachtach **téarnamh uilechuimsitheach a dhéanamh agus é cothrom** ar chách. Tá súil go mbeidh fás dearfach faoin ngeilleagar athuair in 2021, ach ní fios céard a thitfidh amach agus beidh cúrsaí ag brath go mór ar staid na sláinte poiblí de réir mar a athraíonn sí thar am. Ní rachaidh an tAontas sa seans: an plean téarnaimh atá beartaithe ag an gCoimisiún, ní raibh macasamhail a leagain amach ná a uaillmhéine ann riamh.

**Ní rachaidh an tAontas sa seans: an plean téarnaimh atá beartaithe ag an gCoimisiún, ní raibh macasamhail a leagain amach ná a uaillmhéine ann riamh.**

Leis an **bplean téarnaimh don Eoraip** a réitigh an Coimisiún, leigheasfar an díobháil agus slánófar an todhchaí don ghlúin atá le teacht. Ag cruinniú mhí Iúil den Chomhairle Eorpach, rinne ceannairí an Aontais mórphacáiste téarnaimh a chomhaontú ar bhonn an togra ón gCoimisiún. Is éard atá ann **buiséad fadtéarmach an Aontais** ar fiú EUR 1 074 bhilliún é – rud a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, faoi réir toiliú ó Pharlaimint na hEorpa – agus anuas air sin, ionstraim bhreise théarnaimh, **NextGenerationEU**, dar luach EUR 750 billiún. Leis an bpacáiste céanna tabharfar tacaíocht do na Ballstáit tús a chur leis an téarnamh, éascófar infheistíocht phríobháideach agus phoiblí le béim ar leith ar an dá aistriú, agus is fearr a bheifear in ann foghlaim ón ngéarchéim.

Gheobhaidh an Coimisiún **EUR 750 billiún** ar iasacht ar mhargaí airgeadais, agus tabharfaidh sé maoiniú, idir dheontais agus iasachtaí, do na Ballstáit trí bhuiséad an Aontais. De réir samhla, meastar go dtiocfaidh ardú thart ar 1.75 % in 2021 agus 2022, ag ardú go 2.25 % faoi 2024 ar **fhíor-leibhéil OTI an Aontais** leis an infheistíocht a chuirfear ar fáil. Cruthóidh an rabharta infheistíochta sin suas le 2 mhilliún post faoi 2022. Le **Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** EUR 672.5 billiún, tacófar le hinfheistíochtaí agus athchóirithe riachtanacha sna Ballstáit trí dheontais agus iasachtaí.

An sórt dul chun cinn atá beartaithe ag an Aontas trína mhodh oibre a athrú ó bhonn, ba é a mhisean dílis ó thús é. Thugamar **acmhainn chaiteachais do bhuiséad an Aontais nach raibh a leithéid ann riamh cheana**. D'aontaíomar scoth-rátáil chreidmheasa an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid chun acmhainní a shlógadh, acmhainní a úsáidfidh na Ballstáit ar fad, ina measc na Ballstáit sin is mó atá i ngátar agus acmhainneacht chaiteachais theoranta acu. Ar an gcaoi sin, tá an tAontas ag athmhúscailt thuiscint a bhunaitheoirí: braitheann an rathúnas i ngach aon tír Eorpach ar rathúnas na dtíortha Eorpacha eile ar fad. **Ní neart go cur le chéile.**




Leis an **mbuiséad athneartaithe le haghaidh 2021-2027**, brúfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn, agus tógfar geilleagar níos córa níos athléimní. Déanfar breis agus leath an bhuiséid a infheistiú i **ngeilleagar na hEorpa a nua-aoisiú**, lena chur in oiriúint do sprioc na neodrachta aeráide faoi 2050 agus don ré dhigiteach.

**Braitheann an rathúnas i ngach aon tír Eorpach ar rathúnas na dtíortha Eorpacha eile ar fad. Ní neart go cur le chéile.**

Ina theannta sin, choigeartaigh an Coimisiún **clár oibre 2020** mar fhreagairt ar an ngéarchéim. Trí dhíriú ar thionscnaimh lena dtugtar freagairt phras láidir ar an ngéarchéim comhlíonann an Coimisiún a thosaíochtaí straitéiseacha.

## BUISÉAD FORIOMLÁN 2021-2027



# 3. Eoraip níos fearr tar éis na paindéime

Tá dúshláin na linne seo – an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach – níos práinne anois ná mar a bhí siad sular thosaigh an ghéarchéim. Anois an uair chun **an t-aistriú glas** a dhéanamh. Beidh an Comhaontú Glas don Eoraip ina threoir don rabharta d'infheistíocht atáimid ar tí a sheoladh. Ar an gcaoi chéanna, chruthaigh an coróinvíreas agus an dianghlasáil ina dhiaidh sin go bhfuil sé ríthábhachtach do dhaoine agus do lucht gnó **rochtain a bheith acu ar réitigh dhigiteacha**, agus gur féidir neamhionannas nua nuair nach mbíonn an rochtain sin acu.

Níor cuireadh deireadh riamh leis an obair ar thosaíochtaí straitéiseacha an Choimisiúin, in ainneoin na paindéime. Chuir sé **straitéis bhithéagsúlachta** nua chuimsitheach i láthair an 20 Bealtaine chun tábhacht an dúlra inár saol a athbhunú agus straitéis **ón bhFeirm go dtí an Forc** a bhunú chun córas bia cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint amach. Tá an dá straitéis ag treisiú a chéile, agus ag tabhairt le chéile an dúlra, feirmeoirí, gnólachtaí agus tomhaltóirí agus iad ag obair chun todhchaí inbhuanaithe iomaíoch a bhaint amach.

An 8 Iúil, ghlac an Coimisiún **straitéisí an Aontais um chomhtháthú na gcóras fuinnimh agus um hidrigin**. Tugtar aghaidh sa dara ceann sin ar an gcaoi le poitéinseal an dícharbónaithe a fhíorú maidir le tionsclaíocht, iompar, giniúint leictreachais agus foirgnimh ar fud na hEorpa trí infheistíochtaí, rialúchán, cruthú margaidh agus taighde agus nuálaíocht. Táthar ag leanúint den obair chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050.

Ba í fís Choimisiún von der Leyen go n-éireodh an Coimisiún **geopholaitiúil**. Tharraing an phaindéim aird níos mó ná riamh ar an ngá atá leis an méid sin a dhéanamh: ní éireoidh leis an Aontas téarnamh go rathúil ach amháin má théarnaíonn ár gcomhpháirtithe ar fud an domhain freisin. D'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí iltaobhacha, leis na rialtais náisiúnta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun an phaindéim a chomhrac. Bhíomar inár gceann feadhna sa **chomhar domhanda** chun acmhainní a thiomsú le haghaidh leighis agus vacsaíne. Is é is cúis lenár dtiomantas go gcreidimid gur chóir dea-chúram sláinte a bheith ina cheart uilechoiteann, seachas ina phribhléid le haghaidh na daoine sin a bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as.

**D'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí iltaobhacha, leis na rialtais náisiúnta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun an phaindéim a chomhrac.**

Tá iarracht déanta againn teacht ar réitigh chomhoibríocha nuair ab fhéidir é, agus níor staonamar óna bheith ag labhairt go ceannasach nuair a bhí gá leis. D'oibríomar chun ár gcaidreamh leis **an tSín** a chur ar bhonn níos daingne, chun cur leis an gcómhalartacht agus chun cothroime iomaíochta a chruthú maidir leis an trádáil, an infheistíocht agus i réimsí eile nach iad. Leis an **gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tSín** bhí deis ann an comhar atá eadrainn a neartú – maidir le géarchéim an choróinvíris agus an gníomhú ar son na haeráide – agus maidir lenár n-easaontuithe a phlé, lena n-áirítear cearta daonna agus an staid i **Hong Cong**.

Thacaíomar leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeadh **sos comhraic domhanda** ann agus tá ról ceannasach á ghlacadh i gcónaí againn chun an comhphobal idirnáisiúnta a shlógadh maidir le cásanna imní, chun comhdhálacha móra a eagrú maidir le **Veiniséala**, **an tSúdáin** nó **an tSiria**.

Tá obair gan stad déanta ag Coimisiún von der Leyen le comhaontú i dtaca le comhpháirtíocht nua a shocrú leis an **Ríocht Aontaithe**. Is deimhneach a chuamar i mbun caibidlíochta le toradh fónta a chur ar fáil chun tairbhe an dá taobh agus rud a chosnódh **leas na hEorpa**. Iomaire ar iomaire leis sin, is é is tosaíocht dúinn an **Comhaontú um Tharraingt siar** a chur chun feidhme go tráthúil.

Leanfaidh an tAontas ar aghaidh ina chomhpháirtí iontaofa ceannródaíoch maidir leis an bhforbairt dhaonnúil. Lenár **gcur chuige "Team Europe"** –

cur chuige lena gcuirtear le chéile acmhainní ón gCoimisiún Eorpach, ó na Ballstáit agus ó institiúidí airgeadais an Aontais – tá torthaí uaidh cheana féin ar fiú **EUR 36 bhilliún** iad chun aghaidh a thabhairt ar an bpráinnfhreagairt éigeandála agus ar na riachtanais dhaonna de dhroim na héigeandála, córais sláinte, córais uisce/sláintíochta agus chothaitheacha a neartú agus tionchair eacnamaíocha agus shóisialta phaindéim an choróinvíris ar fud an domhain a laghdú.

Choinnigh an Coimisiún Eorpach **saoránaigh an Aontais** i gcroílár a chuid cinnteoireachta agus tá a chúram déanta aige díobh ar bhealaí éagsúla, sna réimsí seo a leanas ach go hairithe.

Ghlac sé **straitéis an Aontais um chearta íospartach, an chéad straitéis dá cineál a ghlac sé riamh**, an 24 Meitheamh, agus é mar chuspóir foriomlán léi a chinntiú gur féidir le híospartaigh uile na coireachta brath go hiomlán ar a gcearta, is cuma cén áit san Aontas a tharla an choir. Díríonn an straitéis i dtús báire ar íospartaigh a chumhachtú chun coireanna a thuairisciú, cúiteamh a éileamh agus ar deireadh teacht slán ó iarmhairtí na coireachta; agus sa dara háit, ar oibriú le chéile leis na rannpháirtithe ábhartha uile maidir le cearta íospartach.

An 1 Iúil, sheol an Coimisiún Eorpach an **tacaíocht fostaíochta don aos óg**, nasc chuig poist don chéad ghlúin eile, dírithe ar ghairmoiliúint agus ar ghairmoideachas, ar phrintíseachtaí, ar thacaíocht d'fhostaíocht don aos óg, agus ar mhaoiniú.

Is príomhthosaíocht agus cúis imní i measc go leor daoine san Aontas í an tslándáil. Idir chomhrac na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe agus an chibearshlándáil, idir chosc ar bhagairtí hibrideacha agus athléimneacht ár mbonneagair chriticiúil a mhéadú, cuideoidh **straitéis aontais slándála an Aontais Eorpaigh** a nochtadh an 24 Iúil leis an tslándáil inár dtimpeallacht fhisiceach agus dhigiteach a neartú sna 5 bliana amach romhainn. Chuir an Coimisiún **Plean Gníomhaíochta nua i láthair freisin maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc**.

Chuir an Coimisiún chun cinn an chéad **straitéis de chuid an Aontais chun leanaí a chosaint ar mhí-úsáid ghnéis**, coir a dhéantar a ghéarú go follasach le linn ghéarchéim an choróinvíris mar gheall ar aonrú fisiceach agus méadú ar ghníomhaíocht ar líne, chomh maith le straitéisí nua chun drugaí mídhleathacha agus airm thine a chomhrac, dhá rud lena spreagtar an choireacht eagraithe.

Tá dlús curtha ag an gCoimisiún **leis an gcomhrac i gcoinne na mífhaisnéise, na bréagaisnéise agus an chur isteach eachtraigh**, trína bheith ag obair leis na hardáin ar líne, leis an tsochaí shibhialta, leis an lucht acadúil agus le taighdeoirí. Tá na hiarrachtaí



sin uile chomh maith leis na chéad chéimeanna eile léirithe ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí i dteachtaireacht chomhpháirteach. Ní hamháin go dtreiseoidh sin iontaoibh an phobail as an Aontas ach cosnóidh sé daoine atá ina gcónaí san Aontas ar dhíobháil eacnamaíoch agus díobháil choirp a d'fhéadfadh tarlú de bharr chamscéimeanna agus leigheasanna bréige ar an gcoróinvíreas.

Beidh obair an Choimisiúin sa bhliain atá romhainn thar a bheith tábhachtach ar feadh na mblianta fada amach anseo. Tá sé léirithe arís le linn phaindéim an choróinvíris gurb í an **aontacht is cúis le neart na hEorpa** agus go bhfuil na dúshláin mhóra atá ós romhainn chomh mór sin nach mbeadh aon tír amháin in ann déileáil leo.

Cuirfidh na hinfheistíochtaí trínár dtosaíochtaí straitéiseacha **tús leis an téarnamh agus tógfaidh siad Aontas níos láidre** le haghaidh na chéad ghlúine eile. Déanfaidh an Coimisiún a sheacht ndícheall maidir leis na tosaíochtaí a leagadh síos sna chéad 100 lá, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. **Le NextGenerationEU** agus leis an **mbuiséad fadtéarmach nua don Aontas**, tabharfar d'acmhainn don Eoraip freastal ar ionchais na saoránach. Tráth cinniúnach i stair na hEorpa agus le haghaidh na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh is ea iad na míonna agus na blianta atá romhainn.

**Tráth cinniúnach i stair na hEorpa agus le haghaidh na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh is ea na míonna agus na blianta atá romhainn.**

I dtús an tsainordaithe seo, chruthaigh an Coimisiún fís go mbeadh todhchaí ghlas, rathúil agus sláintiúil ann. Seo í uain na hEorpa chun leanúint ar aghaidh, an todhchaí sin a fhíorú agus chun beart a dhéanamh de réir ionchais na saoránach.

AMLÍNE

Eochair

| Tosaíochtaí polaitiúla
| Freagairt ar ghéarchéim an choróinvíris
| An chaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe

# 2019

## MÍ NA NOLLAG



### 11.12

Seoladh an **Comhaontú Glas don Eoraip**, lenar leagadh amach treochlár a bhfuil sé d’aidhm aige an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050

# 2020

## MÍ EANÁIR

### 8.1

Cruinniú idir an tUachtarán **Ursula von der Leyen** agus Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe **Boris Johnson**



### 14.1

**Plean infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**, chun leas a bhaint as maoiniú ón Aontas agus chun na hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a spreagadh atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe go geilleagar atá glas, cuimsitheach agus neodrach ó thaobh na haeráide de

An **Sásra um Aistriú Cóir,** príomhuirlis lena gcinnteofar go dtarlóidh an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de ar bhealach cothrom, agus nach bhfágfar aon duine ar leataobh

An chéad chéim de chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta – gnólachtaí agus ceardchumainn – maidir le **pá íosta cothrom** le haghaidh oibrithe san Aontas



### 19.1

Comhdháil Idirnáisiúnta Bheirlín maidir leis **an Libia**




### 21.1

Cruinniú idir an tUachtarán **Ursula von der Leyen** agus Uachtarán na Stát Aontaithe **Donald Trump**



### 29.1

**Líonraí slána 5G:** Bosca uirlisí an Aontais arna chomhaontú ag na Ballstáit, rinne an Coimisiún é a fhormhuiniú

### 31.1

D’fhág **an Ríocht Aontaithe** an tAontas Eorpach

# MÍ FEABHRA

Mar chuid dá fhreagairt ar phaindéim an choróinvíris, thosaigh an tAontas ar aisdúichiú saoránach chun na hEorpa a éascú

## 3.2

Cur i láthair an togra ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le treoracha chun **comhpháirtíocht nua a chaibidliú leis an Ríocht Aontaithe**

## 4.2

Comhairliúchán poiblí chun bonn a chur faoi phlean gníomhaíochta na hEorpa **chun an ailse a chomhrac**



## 5.2

Modheolaíocht nua chun **an chaibidlíocht maidir le haontachas leis an Aontas** a dhéanamh níos inchreidte, níos intuartha agus níos dinimiciúla, modheolaíocht a bheidh ina céad ghné i straitéis athnuaite an Choimisiúin maidir le méadú

## 17.2

Gheall an tAontas Eorpach agus deontóirí idirnáisiúnta EUR 1.15 billiún chun tacú le hiarrachtaí atógála tar éis **an chreatha talún san Albáin**






## 19.2

Foilsiú an chláir oibre chun **todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú**: straitéis maidir le sonraí agus Páipéar Bán maidir leis an intleacht shaorga, lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil do ghnólachtaí, agus béim á cur, ag an am céanna, ar theicneolaíocht iontaofa le haghaidh saoránach

## 25.2

Fuair an Coimisiún Eorpach sainordú chun tús a chur leis an **gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe**



# MÍ AN MHÁRTA

## 4.3

Leis an **Dlí Aeráide Eorpach**, bheartaigh an Coimisiún a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 mar sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de



## 5.3

**Straitéis nua maidir le comhionannas inscne** le haghaidh na tréimhse ó 2020 go 2025 inar leagadh amach príomhghníomhaíochtaí chun comhionannas idir mná agus fir a chinntiú san Eoraip

## 9.3

Le straitéis nua dá chuid, réitigh an tAontas an bealach le haghaidh **comhpháirtíocht níos láidre agus níos uaillmhianaí leis an Afraic**





## 10.3

**Straitéis nua tionsclaíochta** chun claochluithe glasa agus digiteacha thionsclaíocht na hEorpa a ullmhú

## 11.3

**Plean nua gníomhaíochta le haghaidh geilleagar ciorclach** le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche



## 13.3

Freagairt eacnamaíoch chinntitheach chomhordaithe ar **ghéarchéim an choróinvíris** á hiarraidh ag an gCoimisiún

An **Tionscnamh nua Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas** (CRII), chun cuidiú leis na Ballstáit a bhfreagairt féin a mhaoiniú

## 16.3

Thug **grúpa comhairleach maidir leis an gcoróinvíreas** eipidéimeolaithe agus víreolaithe ó Bhallstáit éagsúla le chéile

Tugadh isteach srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach **chuig an Aontas** (go dtí an 30 Meitheamh)



## 18.3

Mhol an Coimisiún **cuspóirí nua beartais le haghaidh Chomhpháirtíocht an Oirthir**

## 19.3

**Creat sealadach** chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tsolúbthacht iomlán faoi rialacha maidir leis an státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ráig an choróinvíris

## 20.3

Gníomhachtaíodh clásal éalaithe ginearálta **an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis**

## 23.3

Cuireadh "**lánaí glasa**" chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil earraí agus seirbhísí riachtanacha ar fáil



## 26.3

Cheadaigh an Chomhairle Eorpach **cainteanna aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh**

## 30.3

An chéad chruinniú den **Chomhchoiste idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe** maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

# MÍ AIBREÁIN

## 2.4

Seoladh an ionstraim nua um Thacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta le linn Éigeandálaí a mhaolú **(SURE)**, ar fiú EUR 100 billiún í

## 15.4

An bealach chun cinn á leagan amach le treochlár Eorpach maidir le **deireadh a chur, in éineacht a chéile, leis na bearta imshrianta**



## 20.4

**Freagairt dhomhanda an Aontais** ar an gcoróinvíreas, inarbh fhiú EUR 15.6 billiún ranníocaíocht an Aontais, chun cabhrú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta dul i ngleic leis an bpaindéim

## 24.4

**An dara babhta caibidlíochta** maidir leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe sa todhchaí



## 29.4

Pacáiste chun tacú leis **an earnáil iompair**



## 30.4

Bearta chun tacú leis **an earnáil talmhaíochta**

# MÍ NA BEALTAINE



## 4.5

Le linn imeacht gealltanas **na Freagartha Domhanda ar an gCoróinvíreas**, tiomsaíodh EUR 7.4 billiún ó dheontóirí ar fud an domhain le haghaidh rochtain uilíoch ar vacsaíní




## 6.5

Tharla físchomhdháil idir ceannairí an Aontais agus **na mBalcán Thiar**

## 7.5

Plean gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le **sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc**



## 8.5

Cuireadh **aerdhroichead daonnúil an Aontais** ar bun chun oibrithe daonnúla agus soláthairtí éigeandála a iompar chuig cuid de na háiteanna is mó atá buailte ar fud an domhain

## 13.5

Chuir an Coimisiún treoir i láthair maidir le conas taisteal a atosú go sábháilte agus **borradh a chur faoi thurasóireacht na hEorpa arís** in 2020 agus sna blianta amach romhainn

## 15.5

**An tríú babhta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe



## 20.5

Le **straitéis bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030** tugadh aghaidh ar na cúig phríomhchúis maidir le caillteanas na bithéagsúlachta agus cinntíodh go gcuirfear reachtaíocht an Aontais chun feidhme ina hiomláine

**An straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc"** chun cabhrú leis an aistriú chuig córas bia inbhuanaithe san Aontas lena gcosnófar an tslándáil bia agus lena gcinnteofar rochtain ar aistí bia sláintiúla



## 26.5

Tharla físchomhdháil idir ceannairí **an Aontais agus na Seapáine**



## 27.5

Chuir an Coimisiún **NextGenerationEU** i láthair, ionstraim nua um théarnamh atá mar chuid de bhuiséad fadtéarmach de chuid an Aontais a bheidh cumhachtach, nua-aimseartha agus athchóirithe

# MÍ AN MHEITHIMH

## 5.6

**An ceathrú babhta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe

## 15.6

Cruinniú ardleibhéil idir **an tUachtarán von der Leyen**, an tUachtarán **Michel**, an tUachtarán **Sassoli** agus Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe **Boris Johnson**



## 17.6

**Straitéis an Aontais um Vacsaíní**

Páipéar Bán maidir le **cothrom na Féinne a bhaint amach a mhéid a bhaineann le fóirdheontais eachtracha**

Cuireadh '**Re-open EU**' ar bun, ardán gréasáin ar a bhfuil faisnéis riachtanach lenar féidir saorghluaisteacht agus turasóireacht a chur ar bun arís go sábháilte ar fud na hEorpa




## 18.6

Físchomhdháil cheannairí **Chomhpháirtíocht an Oirthir**



## 22.6

Is mar fhíschomhdháil a reáchtáladh an 22ú **Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tSín**

## 24.6

Seoladh **straitéis an Aontais um chearta íospartach** (2020-2025)





## 27.6

Ag an gcomhdháil gealltanas **"An Sprioc Dhomhanda: Aontú ar mhaithe leis an Todhchaí"**, a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus Global Citizen, slógadh EUR 6.15 billiún de mhaoiniú breise chun cuidiú le rochtain chothromasach ar vacsaíní, tástálacha agus cóireálacha a fhorbairt agus a chinntiú



## 30.6

Phléigh **ceannairí an Aontais agus Phoblacht na Cóiré** conas is féidir comhar domhanda a chothú i gcéim an téarnaimh

Baineadh leas as Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun beagnach **78,000 saoránach de chuid an Aontais** agus **10 000 saoránach nach den Aontas iad** a aisdúichiú chun na hEorpa.

# MÍ IÚIL

## 1.7

Bunaíodh an pacáiste **Tacaíocht Fostaíochta don Aos Óg** ar na ceithre bhunábhar seo a leanas: an Ráthaíocht don Óige a threisiú, beartas oiliúna, printíseachtaí agus bearta breise

An **Clár Oibre Scileanna don Eoraip** maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht, clár lena leagtar amach cuspóirí uasoiliúna agus athoiliúna le haghaidh na 5 bliana amach romhainn



## 2.7

**Babhta srianta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe





## 8.7

Geilleagar aeráidneodrach á chumhachtú: foilsíodh **straitéis de chuid an Aontais maidir le comhtháthú córais fuinnimh**

Foilsíodh **straitéis hidrigine** le go mbeadh an Eoraip aeráidneodrach

Tharla an chéad chruinniú idirinstitiúideach maidir le **NextGenerationEU** agus an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2027

## 9.7

Ghlac an Coimisiún teachtaireacht chun cuidiú le húdaráis náisiúnta, gnólachtaí agus saoránaigh iad féin a ullmhú le haghaidh na n-athruithe dosheachanta a thiocfaidh chun cinn ag **deireadh na hidirthréimhse leis an Ríocht Aontaithe**



## 15.7

Is mar fhíschomhdháil a reáchtáladh an Cruinniú Mullaigh **idir an tAontas Eorpach agus an India**

## 21.7

Tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir leis **an bplean téarnaimh agus an creat airgeadais ilbhliantúil** le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2027

## 23.7

**An séú babhta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe

# MÍ LÚNASA



## 4.8

Laistigh de chúpla uair an chloig tar éis **an phléasctha mharfaigh i mBéiriút**, gníomhachtaíodh **an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta**. Rinne 20 ceann de Bhallstáit de chuid an Aontais agus tíortha atá rannpháirteach cabhair éigeandála chomhchineáil a chur ar fáil, le beagnach 300 saineolaí cuardaigh agus tarrthála ina measc

## 21.8

**An seachtú babhta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe

## 27.8

Shínigh an Coimisiún **an chéad chonradh dá chuid le cuideachta cógaisíochta**, AstraZeneca, lena gceadófar vacsaín in aghaidh COVID-19 a cheannach le haghaidh gach Ballstáit



## 31.8

Dheimhnigh an Coimisiún gur spéis leis a bheith rannpháirteach **sa tSaoráid Rochtana Domhanda ar Vacsaíní in aghaidh COVID-19 (COVAX)** le haghaidh rochtain chothromasach ar vacsaíní inacmhainne in aghaidh COVID-19 agus, mar chuid d'iarracht de chuid Team Europe, d'fhógair sé ranníocaíocht de EUR 400 milliún i ráthaíochtaí chun tacú le COVAX


# MÍ MHEÁN FÓMHAIR

## 10.9

**An t-ochtú babhta** caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe


## TOGRAÍ REACHTACHA Ó BHÍ AN 1 NOLLAIG 2019 ANN

### 64 thogra a comhaontaíodh



### 210 dtogra ar na bacáin

(ar fógraíodh go dtarraingeofaí siar 19 díobh)



### 36

**thogra** a bhaineann leis an bhfreagairt ar an gcoróinvíreas ar na bacáin




### FREAGAIRT AR AN gCORÓINVÍREAS

### 828 gcinn de chinntí

agus de ghníomhartha reachtacha nó neamhreachtacha eile ina n-úsáidtear nósanna imeachta ó bhéal, nósanna imeachta i scríbhinn agus nósanna imeachta cumhachtaithe, lena n-áirítear

### 373 chinneadh maidir le státchabhair



Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas as aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020

© An tAontas Eorpach, 2020

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt. Ní leis an Aontas Eorpach an cóipcheart i ndáil leis na codanna seo a leanas:
leathanach 32, deilbhíní – foinse: flaticon.com;
leathanach 39, deilbhíní – foinse: flaticon.com;
leathanach 35: Slógadh agóide i Mionsc na Bealarúise – foinse: Unsplash.com;
leathanach 50 - 27.5, Lámha Dhaideo – foinse: Unsplash.com;
leathanach 51 - 27.6, Miley Cyrus – foinse: commons.wikimedia.org.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh


| | | | |
|---|---|---|---|
| PRINT | ISBN 978-92-76-21267-6 | doi:10.2775/424740 | NA-03-20-540-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-21233-1 | doi:10.2775/568009 | NA-03-20-540-GA-N |